



An Ghníomhaireacht
Tithíochta
The Housing Agency

An Ghníomhaireacht Tithíochta Tuarascáil Bhliantúil 2019



Is misean leis an nGníomhaireacht Tithíochta soláthair tithíochta a chur chun cinn chun cloí le riachtanais agus éileamh reatha agus sa todhchaí. Chuige sin, is lárionad saineolais muid ar thithíocht, ag tacú le forbairt pholasaí tithíochta agus cláir thithíochta i gcomhoibríocht le daoine eile.

Ábhair

Cé Muid agus Cad a Dhéanaimid	02
Ár Luachanna	03
Ár Ról	04
Ár dTéamaí	04
Ár nObair	05
Conas a Oibríonn ár mBainistíocht	06
Ár bPríomh-Ghaiscí in 2019	08
Foilseacháin Taighde 2019	09
<hr/>	
Ráiteas ón Chathaoirleach agus Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin	10
<hr/>	
Tuarascáil Feidhmíochta	13
Ról mar Lárionad Eolais Tithíochta	14
Soláthar agus Úsáid Tithíochta a Optamú	21
Tuiscint a bhaint as Éileamh agus Inacmhainneacht na Tithíochta	30
Torthaí a Réadú trínár nDaoine	33
Cloí le Tiomantais Rialachais agus Seirbhíse	34
<hr/>	
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird	35
<hr/>	
Ráitis Airgeadais	43
Teastas Iniúchta	44
Ráiteas um Rialú Inmheánaigh 2019	48
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	51
Ráiteas Ioncaim Cuimsithigh Eile	52
Ráiteas ar Staid Airgeadais	54
Ráiteas Athruithe i nGnáthscair	56
Ráiteas Sreabhaidh Airgid	58
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	60

Cé Muid Agus Cad a Dhéanaimid

Is comhlacht an Rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta agus is fíís léi tógáil pobail inbhuanaithe a chur chun cinn.

Is misean leis an Ghníomhaireacht Tithíochta soláthair tithíochta a chur chun cinn chun cloí le riachtanais agus éileamh reatha agus sa todhchaí. Chuige sin, is lárionad saineolais muid ar thithíocht, ag tacú le forbairt pholasaí tithíochta agus cláir thithíochta i gcomhoibríocht le daoine eile.

In 2019 d'oibríomar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (An Roinn), údaráis áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Faofa (ABH)

Chun seirbhísí thithíochta agus tithíocht a sheachadadh. Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta i bhfeidhm freisin Scéim Cheartaitheach Piríte agus is rialaitheoir í leis an earnáil AHB.

Táimid faoi réir Cóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí le Urraíocht an Stáit agus Cód Caiteachais Poiblí. Oibrímid le gníomhú ar bhealach go hiomlán cuntasach follasach.

Ár Luachanna



> **Slánchúis agus neamhspleáchas** chun cloí lenár gcuspóirí



> **Tiomantas agus díogras** do ghairmiúlacht, comhoibríocht agus ár ról i seachadadh cuspóirí roinnte



> **Nuálaíocht agus béim ar an todhchaí** chun feasacht agus tionscnaíocht a chur i bhfeidhm, agus teorainneacha a bhrú ar aghaidh inár gcuid smaointe



> **Cuntasach agus idirghníomhach** lenár ngeallshealbhóirí agus don Roinn chun dul chun cinn a sheachadadh



> **Oscailte agus measúil** do smaointe agus réitigh nua, agus ag déileáil lenár gcomhoibrithe agus geallshealbhóirí freisin

Ár Ról

Tacaíonn an Ghníomhaireacht Thithíochta le seachadadh agus bainistíocht ar thithíocht shóisialta le údaráis áitiúla agus ABH. Oibrímid go dlúth leis an Rialtas láir i bhforbairt agus cur i bhfeidhm polasaithe tithíochta.

Bhíomar bunaithe go traidisiúnta in 2012 agus d'fhorbair ár ról go suntasach ó shin. I ndiaidh foilseacháin Ag Atógáil na hÉireann, Plean Gníomhaíochta an Rialtais do Thithíocht agus Easpa Dídine in Iúil 2016, ghlacamar ról ceannasach i

seachadadh raon leathan gníomhartha, lena n-áirítear: bunaíocht Aonaid Soláthair Tithíochta agus 'Siopa Oscailte' do AHB; feidhmiú céimneach ar chlár ceannacháin chun 1,600 áitreabh a cheannach ó agus institiúidí airgeadais; agus oibriú maidir leis an earnáil cíosa agus tithe folamha a úsáid.

I ndiaidh próisis fada comhairleoireachta le geallshealbhóirí, shocraigh an Plean Straitéiseach ag an nGníomhaireacht Thithíochta 2019-2021 cúig théama idirnasctha a mbeidh béim ag ár n-obair orthu thar an tréimhse trí bhliana sin.

Ár dTéamaí



Ról mar **Lárionad Eolais** maidir leis an tithíocht



Soláthar agus úsáid tithíochta a **Uasmhéadú**



Tuiscint a bhaint as an tithíocht agus as an **inacmhainneacht**



Torthaí a bhaint amach trínár ndaoine



Cloí le **tiomantais rialachais** agus seirbhíse

Ár nObair

Is foireann gairmithe díograiseacha í an Ghníomhaireacht Tithíochta ag obair i dtreo tithíocht inbhuanaithe inacmhainne a sheachadadh do chách.

Ár bhfeasacht agus saineolas a úsáid chun a bheith i gceannas i bhfeasacht agus seachadadh polasaithe tithíochta. Tá buntáiste uathúil againn chun tuiscint a bhaint as riachtanais an earnála tithíochta in Éirinn i ngeall ar ár n-idirghníomhaíocht ghníomhach le daoine eile.

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta raon seirbhísí eile bainteach le tithíocht agus tugann sí bainistíocht ar thionscadail tábhachtacha.



Conas a Oibríonn ár mBainistíocht

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta rialaithe ag Bord ceaptha ag an Aire le freagracht as tithíocht. Tá an Bord freagrach as ár dtosaíochtaí a chinneadh, ceannasaíocht straitéiseach a thabhairt agus maoirseacht

a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár bhfeidhmeanna. Bhunaigh sé freisin Coiste Iniúchta agus Riosca agus Coiste Straitéiseach.

Ár mBord

Ba iad Cathairleach agus comhaltaí an Bhoird, amhail an 31 Iúil 2019:



Michael Carey
Cathairleach,
an
Ghníomhaireacht
Tithíochta



Donal McManus
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin,
Comhairle na hÉireann
um Thithíocht
Shóisialta



David Duffy
Stiúrthóir, Tionscal
Maoine na hÉireann
(ceaptha Iúil 2019)



Fiona Lawless
Ceannaire Airgeadais,
Comhairle Contae na
Mí



Frank Curran
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Chill
Mhantáin (ceaptha
Nollaig 2019)



John Burke
Príomhoifigeach, An
Roinn Caiteachais
Poiblí agus Athchóirithe



John O'Connor
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin, an
Ghníomhaireacht
Tithíochta



Mary Hurley
Cúntóir Rúnaíochta, An Roinn
Tithíochta, Pleanála agus
Rialtais Áitiúil



Tony O'Brien
Comhairleoir
Bainistíochta

An Coiste Iníúchta agus Riosca

Tugann Coiste Iníúchta agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta maoirseacht ar phríomhréimsí airgeadais agus bainistíochta ar rioscaí laistigh na heagraíochta. Ar an 31 Nollag 2019 ba iad baill an choiste:

- **Tony O'Brien**, Comhairleoir Bainistíochta
- **Caroline Gill**, Pyrite Resolution Board
- **Donal McManus**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
- **Fiona Lawless**, Ceannaire Airgeadais, Comhairle Contae na Mí

An Coiste Straitéiseach

Tugann ár gCoiste Straitéiseach monatóireacht ar phleanáil agus cur i bhfeidhm straitéiseach na heagraíochta. Ar an 31 Nollag 2019 ba iad baill an choiste:

- **Michael Carey**, Cathaoirleach, an Gníomhaireacht Tithíochta
- **John Burke**, Príomhoifigeach, An Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe
- **Tony O'Brien**, Comhairleoir Bainistíochta
- **Mary Hurley**, Cúntóir Rúnaíochta, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- **Donal McManus**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
- **John O'Connor**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Gníomhaireacht Tithíochta
- **David Silke**, Stiúrthóir Taighde agus Gnóthaí Corparáidigh, An Gníomhaireacht Tithíochta
- **Ciara Galvin**, Rúnaí an Bhoird, An Gníomhaireacht Tithíochta

Ár bhFoireann

Déantar obair agus foráil seirbhísí laethúil ag feidhmeannach agus foireann na Gníomhaireachta Tithíochta. Déanann siad, agus tugann siad bainistíocht agus rialú ar riarachán agus gnó na Gníomhaireachta, faoi réir maoirseachta an Bhoird. Tá sé faoi cheannas ár bPríomhoifigigh Feidhmiúcháin, John O'Connor, freagrach as ceannaireacht agus stiúrtóireacht gach feidhmeanna.

Tá freagracht ag an nGníomhaireacht Thithíochta as Scéim Athshlánaithe Piríte a chur i bhfeidhm. Tá an Scéim sin rialaithe ag an mBord Athshlánaithe Piríte. Is í an ghníomhaireacht freisin é an rialaitheoir sealadach ar an earnáil AHB - tugtar tuairisciú ar a ghníomhaíochtaí ar thuarascáil bliantúil ar leithligh. Faigheann an Oifig Rialaithe maoirseacht ó Bhord Rialála sealadach.

Ag 31 Nollag 2019, bhí 89 ball foirne ag an nGníomhaireacht Thithíochta, faoi cheannas foirne bainistíochta sinsearaí comhdhéanta le:

- **John O'Connor**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
- **David Silke**, Stiúrthóir Taighde agus Gnóthaí Corparáidigh
- **Susanna Lyons**, Ceannaire Clárúcháin
- **Jim Baneham**, Ceannaire Soláthair Tithíochta agus Tacaíochtaí Mhorgáiste
- **Peter Hesse**, Bainistíocht Tionscadail agus Oifigeach Soláthair
- **Margaret Jordan**, Ceannaire Airgeadais


Ár bPríomh-Ghaiscín in 2019



340 iarratas maoinithe aa fuair measúnú chun beagnach 5,000 a sholáthar



Os cionn **600 teach aimsithe** don tithíocht shóisialta faoi chlár ceannacháin difriúla



511 teach athslánaithe faoin Scéim Athslánaithe Piríte, agus i ngeall air rLíon foriomlán na dteach athslánaithe don scéim go 1,890



196 cás Morgáiste go Cíos críochnaithe, , agus i ndeall air is é 641 líon foriomlán na gcás críochnaithe



Os cionn **2,000 duine a d'fhreastail ar chúrsaí oiliúna**, comhdhálacha agus seiminéar óstáilte nó le tacaíocht na Gníomhaireachta Tithíochta




262 AHB measúnaithe ag an Oifig Rialála le linn sraithe measúnaithe 2018/19, ag léiriú beagnach 34,000 teach. Cruthaíodh ardleibhéil comhréireachta ag 87% de AHB measúnaithe



1,324 Iasacht Ag Atógáil na hÉireann faofa, agus dá bharr sin is 2,873 líon iomlán na n-iasachtaí faofa ó chuireadh an scéim ar fáil i Feabhra 2018

Foilseacháin Taighde 2019





Ráiteas ón Chathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ónár mbunáocht, bhí comhoibríocht i gcroílár oibre na Gníomhaireachta Tithíochta, agus ní raibh ár ngníomhaíocht in 2019 difriúil.

Le linn na bliana lean muid ag obair le go leor eagraíochtaí poiblí agus príobháideach chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach, soláthar tithíochta a chur chun cinn chun cloí le riachtanais reatha agus sa todhchaí chomh maith le éileamh agus tógáil pobail inbhuanaithe.

Bhí an bhliain suntasach go leor don Gníomhaireacht Tithíochta toisc gur cuireadh tús lenár bplean straitéiseach trí bhliana nua. Chun an straitéis a réadtiomnú, thugamar aird ar na dúshláin a bhí roimh earnáil tithíochta na hÉireann; soláthair tithíochta gan cloí leis an éileamh, go háirithe i limistéir uirbeacha; costais tithíochta ag ardú, i go leor cáis, ar leibhéal neamh-inacmhainne; agus easpa slándála tithíochta dóibh sin ag riosca a bheith gan dídean, i riaráistí morgáiste fadtréimhsigh agus cuid acu san earnáil cíosa.

Is aidhm lenár bPlean Straitéiseach 2019-2021 dul i ngleic leis na dúshláin sin ag díriú ar chúig théama idirnasctha:

- Ról mar lárionad eolais tithíochta
- Soláthair agus úsáid tithíochta a optamú
- Tuiscint a bhaint as éileamh agus inacmhainneacht na tithíochta
- Torthaí a réadú trínár ndaoine
- Cloí le rialachas agus seirbhís.

Is fíis leis an Gníomhaireacht Tithíochta pobail inacmhainne a chur chun cinn. Ní mór forbairt a dhéanamh ar thithe don todhchaí le aidhm chun pobail a chruthú atá dea-phleanáilte, inmhianta, agus a thugann deiseanna dá gcónaitheoirí chun leas a bhaint as seirbhísí a theastaíonn le haghaidh caighdeáin inghlactha maireachtála.

Chun an fíis sin a bhaint amach, ní mór dúinn dul i ngleic lenár ndúshláin reatha, agus oiriúnú freisin le bagairtí an todhchaí. I ngeall ar ár n-obair lenár gcomhpháirtithe, tháinig ardú ar an soláthar tithíochta; ag soláthair tithe áitiúla, lena n-áirítear tithíocht agus lóistín do dhaoine agus teaghlaigh gan dídean; cláir maoinithe tithíochta a éascú amhail Morgáiste go Cíos agus Íocaíocht Chúnaimh Tithíochta (HAP); agus taighde is saineolas a sholáthar chun cuidiú le cinnteoireacht polasaithe deartha chun dul i ngleic leis na fadhbanna reatha sin.

Ag breathnú ar an todhchaí, cuireann dúshlán níos mó fiú bagairt roimh inbhuanaitheacht na bpobal in Éirinn agus timpeall na cruinne. In 2019, d'fhógair Éire éigeandáil aeráide. Teastaíonn athruithe móra chun domhain inbhuanaithe a chinntiú do na glúinte atá le teacht. Ní mór do na athruithe sin a bheith curtha i bhfeidhm go gasta.

Ní mór an tslí a fhorbraíonn muid ár stoc tithíochta a chur in oiriúint chun é a dhéanamh níos inbhuanaithe. Ní mór pleanáil a dhíríonn ar fhás comhdhlúite, dlúis tógála inár limistéir uirbeacha agus infreastruchtúr a chur ar fáil, iompar poiblí agus spáis poiblí, a chur in áit tosaíochta.

Ba mhaith leis an Gníomhaireacht Thithíochta buíochas a léiriú do na eagraíochtaí a rabhamar ag comhoibriú go dlúth leo in 2019, lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, údarais áitiúla, comhlachtaí tithíochta faofa, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta, institiúidí airgeadais agus gníomhaireachtaí eile an Stáit amhail an Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta, Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, NAMA, agus Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún.

Ár mbuíochas le Conn Murray, iar-Phríomhfheidhmeannach le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, a chríochnaigh a théarma mar bhall le Bord na Gníomhaireachta Tithíochta le linn 2019. De réir is a leanann obair na Gníomhaireachta Tithíochta ag fás agus ag fairsingiú, ba mhaith linn freisin buíochas a léiriú do gach duine a oibríonn leis agus don Gníomhaireacht chun dul chun cinn a sheachadadh, lena n-áirítear a foireann díograiseach agus baill an bhoird.


“Ní mór an tslí a fhorbraíonn muid ár stoc tithíochta a chur in oiriúint chun é a dhéanamh níos inbhuanaithe. Ní mór pleanáil a dhíríonn ar fhás comhdhlúite, dlúis tógála inár limistéir uirbeacha agus infreastruchtúr a chur ar fáil, iompar poiblí agus spáis poiblí, a chur in áit tosaíochta.”

“Agus Éire ag dul i ngleic le tionchair eacnamaíocha na paindéime, fanann ár bhfoireann ullamh chun freagairt do na tionchair sin ar an earnáil tithíochta agus beidh sí ag comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe tithíochta chuige sin.”


Go háirithe, léirigh ár bhfoireann tiomantas agus solúbthacht leanúnach i ndúshlán a d’eascaigh ón bpaindéim Covid-19. Táimid buíoch as a ngairmiúlacht leanúnach le linn an tréimhse gan fasach seo. Agus Éire ag dul i ngleic le tionchair sa gheilleagar ón bpaindéim, fanann ár bhfoireann ullamh le freagairt leis na tionchair sin ar an earnáil tithíochta agus beidh sí ag comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe tithíochta chuige sin.

Le bunaíocht Rialtais nua in 2020, tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag súil le oibriú go dlúth leis an Aire nua Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O’Brien TD, agus na Airí Stáit laistigh na Roinne sin, Peter Burke TD agus Malcolm Noonan TD. Ba mhaith linn freisin Buíochas a léiriú don iar-Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy TD agus

iar-Aire Stáit ag an Roinn Tithíochta. Pleanála agus Rialtais Áitiúil le freagracht speisialta as Tithíocht agus Forbairt Uirbeach, Damien English TD, as a chomhoibríocht leanúnach leis agus tacaíocht don Ghníomhaireacht Tithíochta. Ba mhaith Linn freisin gach rath a ghuí ar John McCarthy agus é ag éirí as mar Ard-Rúnaí na Roinne in 2020, agus buíochas a léiriú dó as a chuid oibre leis an Ghníomhaireacht Tithíochta le blianta anuas. Táimid ag tnúth le bheith ag obair go dlúth le Graham Doyle, a chuir tús le ról Ard-Rúnaí na Roinne in 2020.



Michael Carey
Cathaoirleach



John O'Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tuarascáil Feidhmíochta

Ról mar Lárionad Eolais Tithíochta



Aidhm: Tuiscint stuama domhain a sholáthar ar conas a oibríonn an earnáil tithíochta, chun faisnéis a thabhairt ar chinnteoireacht polasaithe cáilíochta agus forbairt ar chláir éifeachtacha i dtreo forála dea-thithíochta agus pobail inbhuanaithe.

Taighde agus Foilseacháin

Tá clár taighde an-ghníomhach ag an Ghníomhaireacht Tithíochta in 2019. Tá an taighde iomlán foilsithe ag an Ghníomhaireacht Thithíochta ar fáil le léamh ar housingagency.ie.

Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialaí

Le linn 2019, thug an Ghníomhaireacht Tithíochta comhairle leanúnach ar mheasúnú ar rialacháin d'údaráis áitiúla agus don Roinn. Rinneamar freisin sainscagadh ar shonraí tithíochta sóisialaí agus rinneamar an tuarascáil deiridh.

Cuireann Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialaí 2019 faisnéis le chéile tugtha ag údaráis áitiúla ar thithe cáilithe i gcomhair tacaíochta do thithíocht sóisialta ach nach bhfuiltear ag cloí lena riachtanais faoi láthair. Tá sé sin á dhéanamh faoi láthair ar bhonn bliantúil, agus in 2019 rinneadh measúnú ar an 24 Meitheamh.

Suirbhé Tithíochta Náisiúnta

Dhírigh an Staidéar Náisiúnta seo ar Eispéiris Tithíochta na hÉireann, Meonta agus Aidhmeanna ar thithíocht náisiúnta agus sásamh comharsanachta, meonta do thionachtaí difriúla agus inacmhainneacht. Tá sé bunaithe ar shuirbhé léiritheach náisiúnta bunaithe ar agallaimh aghaidh ar aghaidh le 1,200 teaghlach. Tá sraith tuarascálacha ag eascrú ón taighde sin, le Tuarascálacha 3 agus 4: *Eispéireas Tithíochta na gCíosaithe agus Úinéirí in Éirinn* críochnaithe in 2019.

Thosaigh dara chuid den tionscadal seo in 2019, le suirbhé léiritheach náisiúnta ar áitribh árasáin in Éirinn, agus ina dhiaidh sin grúpaí béime.

Taighde ar Chomhlachtaí Bainistíochta na nÚinéirí

Bhí an taighde seo coimisiúnaithe ag Clúid Housing agus an Ghníomhaireacht Tithíochta araon, agus déanta ag taighdeoirí neamhspleách. Tugann an tuarascáil *Comhlachtaí Bainistíochta na nÚinéirí – Maireachtáil in Árasáin Inbhuanaithe in Éirinn* measúnú ar cheisteanna reatha do Chomhlachtaí Bainistíochta na nÚinéirí maidir le táillí seirbhíse, cistí fiachmhúchta, Acht MUD, stiúrthóirí deonacha srl. Fiosraíonn sé dea-chleachtas idirnáisiúnta, ag seachadadh torthaí ar an earnáil agus ag moladh athchóirithe. Seoladh an tuarascáil i Meitheamh 2019 ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Comhpháirtíocht Taighde le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíocht do Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath chun tionscadail a choimisiúnú agus a bhainistiú. Sampla amháin ná Measúnú ar Shamhail Tithíochta Aois-báuil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in Inse Chór. Is aidhm ginearálta leis an tionscadal seo samhail nua a fhorbairt do thithíocht i gcomhair daoine níos sine, ina n-ofráiltear diminsin cúraim, tacaíochta agus comhludair ar an láthair, comhtháite sa phobal agus deartha le sean-daoine ina lár. Bhí coimisiúnú tugtha i gcomhair measúnaithe ar an gcéad chuid sin den tionscadal ag DCC agus an Ghníomhaireacht Tithíochta le chéile, críochnaithe in 2018.

Taighde Folúntais

Rinneadh an tionscadal folúntais ag Space Engagers, coimisiúnaithe ag an nGrúpa Oibre Comhoibríochta i gcomhair Tithíochta agus Maireachtála Inbhuanaithe (lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Tithíochta) agus maoinithe ag Comhairle Oidhreachta na hÉireann agus Ghníomhaireacht Thithíochta. Foilsíodh dhá thuarascáil i Márta 2019 ón tionscadal seo. Tuarascáil 1: *Conas a Chruthaítear is a Úsáidtear Sonraíar Fholúntas: Cás-staidéir ón Albain, Danmhairg agus Philadelphia* agus Tuarascáil



Siobhan O'Dwyer, CEO, Bainisteoir Eastáit Réadaigh, (lár) ag plé seolta *Comhlachtaí Bainistíochta na nÚinéirí - Maireachtáil in Árasáin Inbhuanaithe in Éirinn*, tuarascáil coimisiúnaithe ag Clúid Housing agus an Ghníomhaireacht Tithíochta agus déanta ag taighdeoirí neamhspleách. Agus sa ghrianghraf freisin (clé go taobh deise): Mema Byrne, Barra Dlí; Brian O'Gorman, CEO, Clúid Housing; agus MC ócáide Carol Tallon.

2: *Dreasachtaí d'Ath-Úsáid Foirgnimh Folamha in Ionaid Tithíochta Baile agus Pobail Inbhuanaithe in Albain, Danmhairg agus sa Fhrainc.*

Tithíocht do chách

Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta dearadh ar an suíomh gréasáin housingforall.ie, seolta i Meán Fómhair 2018. Chun cur leis sin, an tuarascáil: *Tithíocht a Dhearadh chun Cloí le Riachtanais do Chách* foilsithe i Meitheamh 2019. Tugann an treochlár seo bealach i dtreo na faisnéise a theastaíonn chun cinntí feasacha a dhéanamh maidir le dearadh, agus chun rochtain a chumasú, ar bhealach struchtúrtha agus intuigthe go héasca, ar chaighdeán agus treoraíocht a theastaíonn le cinntiú go mbeadh baile ag gach duine atá cuí dá gcuid riachtanais.

Easpa Dídine Teaghlaigh agus Foréigean Baile

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag urrú an taighde seo i dteannta le Focus Ireland. Bronnadh an conradh i gcomhair taighde do Choláiste na Tríonóide i ndiaidh soláthair oscailte. Tugann an taighde measúnú ar na naisc idir fhoréigean baile agus easpa dídine le béim ar fhoráil seirbhíse agus comhordú. Críochnaíodh céim 1 an taighde i Nollaig 2019.

Grúpa Athbheithnithe Saineolach ar Lóistín do Thaisteálaithe

Bunaíodh an Grúpa Saineolach ag an Aire Stáit Damien English TD chun athbheithniú a thabhairt ar Acht Lóistín do Thaisteálaithe 1998 agus reachtaíocht eile

a imríonn tionchar ar fhoráil agus seachadadh lóistín do Thaisteálaithe. Thug an Ghníomhaireacht tacaíocht don Ghrúpa Saineolach. Áirítear leis sin bainistíocht ar na próisí comhairleoireachta, tacaíocht taighde, dréachtáil tuarascála agus tacaíochtaí rúnaíochta ginearálta. Foilsíodh tuarascáil deiridh an Ghrúpa Saineolaigh i Meitheamh 2019.

Impleachtaí Tithíochta na Breaitimeachta

Ag deireadh 2018, choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta EY/ DKM chun páipéar faisnéisithe ar éifeachtaí dóchúlacha na Breaitimeachta ar mhargadh tithíochta na hÉireann 2019-2022. Críochnaíodh é sin sa chéad cheathrú de 2019.

Ceantair Brú Cíos

Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta anailís leanúnach ar na margaí cíos áitiúla de réir riachtanais i gcomhthéacs reachtaíochta maidir le ceantair brú cíos. Tá ról tábhachtach againn faoin reachtaíocht sin chun ainmniú agus dí-ainmniú a thabhairt ar Cheantair Brú Cíos. Nuair a chloíonn ceantar molta ag an Ghníomhaireacht Tithíochta leis na critéir leagtha amach sa reachtaíocht, bíonn sé ainmnithe mar Cheantar Brú Cíos. In 2019, bhí 27 Ceantair Brú Cíos nua ainmnithe.

Tithíocht Phobail

Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta maoiniú go páirteach don tionscadal:

Léarscáiliú ar Earnáil Tithíochta Phobail indéanta in Éirinn agus ag tabhairt tacaíochta agus comhairle breise. Déanta ar Self Organised Architecture (SOA),

is aidhm leis an tionscadal faisnéis a thabhairt maidir le forbairt

Tithíochta chomhoibríoch inrochtana go forleathan an phobail agus inacmhainne in Éirinn. Baineann sé le próiseas le go leor geallshealbhóirí agus chomh-thithíocht agus tithíocht phobail.

An Clár Tacaíochta Taighde

I Nollaig 2019, d'oscail an Ghníomhaireacht Tithíochta glao le haghaidh tairiscintí faoina Clár Tacaíochta Taighde nuabhunaithe. Tugann an clár go leor tacaíochta, ó chúnamh airgeadais go dtí rochtain ar shonraí i bhformáid éasca le úsáid. Beidh bronnadh

“I Nollaig 2019, d'oscail an Ghníomhaireacht Tithíochta glao le haghaidh tairiscintí faoina Clár Tacaíochta Taighde nuabhunaithe. Tugann an clár go leor tacaíochta, ó chúnamh airgeadais go dtí rochtain ar shonraí i bhformáid éasca le úsáid.”

déanta uair gach dara bhliain, agus beidh tionscadail a éiríonn leo ailínithe le ar a laghad ceann de na réimsí tosaíochta leathan a leanas: soláthair agus úsáid éifeachtach stoic tithíochta; tuiscint ar éileamh agus inacmhainneacht na tithíochta; tionchar na tithíochta ar chaighdeán saoil; tithíocht agus daoine; agus tithíocht agus pobail inbhuanaithe.

BT Young Scientist and Technology

Exhibition Lean an Ghníomhaireacht Tithíochta lena comhphairtíocht rathúil leis an BT Young Scientist and Technology Exhibition, eagraithe in Eanáir 2019 i mBaile Átha Cliath. Tugann an duais spreagadh do rannpháirtíocht ag daoine óga i gceisteanna maidir le tithíocht agus pobail inbhuanaithe. Buaiteoir Duais Speisialta na Gníomhaireachta Tithíochta ag an ócáid ná Liadain O'Sullivan, mac léinn le St Mary's College, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin, lena tionscadal 'Conas Áthas a Thógáil'. Bhí a tionscadal dírithe ar nasc a aimsiú idir ailtireacht agus síceolaíocht agus an féidir cathracha a úsáid chun feabhas a chur ar leas a gcónaitheoirí.



Bhronn John O'Connor, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Ghníomhaireacht Tithíochta, Duais Speisialta na Gníomhaireachta Tithíochta do Liadain O'Sullivan ó St Mary's College, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin ag BT Young Scientist and Technology Exhibition 2019.

Tacaíocht do Pholasaí Tithíochta don Roinn agus Údaráis Áitiúla

In 2019, chabhraigh an Ghníomhaireacht Tithíochta leis an Roinn agus údaráis áitiúla ar réimse leathan Ábhair polasaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta measúnaithe agus leithdháilte agus a gcuid athbhreithnithe, chomh maith le foirmeacha iarratais, Íocaíocht Chúnta Tithíochta (HAP), agus Scéim Cóiríochta Cíos (RAS). I ndiaidh foirm iarratais HAP a athbhreithniú agus a chríochnú in 2019, rinneadh tástáil air i go leor údaráis áitiúla.

Léasú Feabhsaithe

Bhí léasú feabhsaithe príomhshrutha in 2019. Leanann an Ghníomhaireacht Tithíochta ag bainistiú na scéime ar leibhéal náisiúnta. Bhí cineál caighdeánach den 'chomhaontú léasa' agus léas críochnaithe agus beidh siad eisithe ag tús 2020. Bhí an scéim ar oscailt do mholtóirí, ag ceadú aighneachtaí ar thairiscintí chuig an nGníomhaíocht Thithíochta ag aon am. In 2019, bhí naoi suíomh gníomhach ann; dhá scéim le 110 teach ar iomlán críochnaithe agus ullmhaíodh 'comhaontú léasa' agus léas le síniú ar 39 teach. Beidh na suíomhanna eile forchéimnithe in 2020. Lean an Ghníomhaireacht Tithíochta ag reachtáil cruinnithe le togróirí féideartha chun an scéim a mhíniú agus a chur chun cinn.

údaráis. D'fhairsingigh an fhoireann an clár go dtí údaráis áitiúla breise agus leanann sé ag obair leis na údaráis áitiúla sin chun tithe a fháil faoi réir samhach Tithíochta ar dTús.

Polasaí Cíos Difreálach

Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta anailís ar thionchar go leor roghanna faoi bhreithniúchán ag an Roinn i gcomhair gearrtha cíos ar thionóntaí údaráis áitiúla reatha i ngach ceantar an údaráis áitiúla. Seoladh anailís ar an toradh chuig an Roinn chun cuidiú lena breithniúchán forbartha polasaithe.

Scéim Lóistín ar Cíos

Bhí an Ghníomhaireacht Tithíochta i gceannas ar athbhreithniú déanta ar chonarthaí RAS. Críochnaíodh an t-athbhreithniú, agus bhí conarthaí nua eisithe go údaráis áitiúla ag ciorclán na Roinne i Nollaig 2018. Lean muid freisin ag tacú le údaráis áitiúla agus an Roinn araon ar iarratais laethúla agus fadhbanna de réir is a d'eascraigh siad.

Lámhleabhar Tithíochta

Leanann suíomh gréasáin Lámhleabhair Tithíochta, housingmanual.ie, ag gníomhú mar acmhainn thábhachtach i gcomhair timpeall 1,700 úsáideoir cláraithe sa chleachta tithíochta. Tugtar nuashonrú don lámhleabhar leis na phríomh-chiorcláin is déanaí, tugann sé faisnéis fhorléargais ar go leor polasaithe agus scéimeanna tithíochta, agus óstálann sé cáipéisí thábhachtacha. Áirítear leis na hábhair iad sin a bhaineann le bainistíocht thithíochta, soláthair agus

110

tithe críochnaithe in 2019 faoi réir na scéime Léasaithe Feabhsaithe

Léasú Caighdeánach

Bhí go leor suime sa scéim in 2019 le go leor eintitis bainteach le maoin aonuaire a sholáthar mar chuid de portfolio chuig údaráis áitiúla.

Bhí ardú in eintitis ag iarraidh áitribh iolracha a léasú. Críochnaíodh foirm chaighdeánach den 'chomhaontú léasa' agus 'teideal teastais' agus eisíodh iad chuig údaráis áitiúla faoi réir ciorcláin na Roinne. Chomh maith leis sin, tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta comhairle agus tacaíocht leanúnach sa réimse sin d'údaráis áitiúla.

Easpa Dídine

Tá foireann easpa dídine na Gníomhaireachta Tithíochta gníomhach ag fáil maoin do dhaoine aonair agus teaghlaigh. In 2019, bhí 97 teach seachadta do

Bhealaigh áitiúla i dtreo úinéireachta tí. Ar feadh 2019, cuireadh tús le nuashonrú inneachair agus cuid d'fheidhmiúlacht an tsuímh fheabhsaithe.

Oiliúint Chleachtóra Tithíochta

Is mian leis an Ghníomhaireacht Tithíochta

tacú le gairmithe tithíochta, lena n-áirítear iad sin a oibríonn in údaráis áitiúla agus AHB. Tugaimid agus bíonn muid ag comhoibriú ar dheiseanna oiliúna agus chun clár oideachais tithíochta a chur chun cinn.

Thar 2019, rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta:

- Bainistíocht agus feabhsuithe ar an Ardán Oiliúna Tithíochta housingtraining.ie, a oibríonn mar acmhainn phoiblí ar oiliúint thithíochta, oideachas agus ócáidí

“In 2019, bhí maoiniú sparánachta (a chuidíonn go páirteach le táillí an chúrsa) curtha ar fáil do 43 gairmí tithíochta ó go leor eagraíochtaí, lena n-áirítear cúig údarás áitiúil agus 17 AHB.”

- a d'éascaigh an Gréasán Oiliúna Tithíochta. Tá an gréasán comhdhéanta le ionadaithe ón Ghníomhaireacht Tithíochta, Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB), Institiúid Riaracháin Poiblí (IPA), Institiúid Chairte Tithíochta (CIH) agus Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH)
- Thacaigh le clár oiliúna agus ócáidí i go leor áiteanna ar fud na tíre ag clúdú ábhair amhail:
 - Seiminéir aois-bháula oiliúna na hÉireann ar Fhoráil Tithíochta do Sheandaoine - Tithíocht agus an Réim Phoiblí
 - Do Ghairm Tithíochta a Thógáil - dírithe ar ghairmithe nua tithíochta, thug an ócáid seo eagraithe ag an Ghníomhaireacht Tithíochta in éineacht leis an nGréasán Oiliúna Tithíochta léargas ar ghairm bunaithe na ngairmithe tithíochta agus deiseanna d'fhorbairt leanúnach gairmiúil.
 - Seiminéar CAS (ICSH) - chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta i láthair do bhaill an ICSH maidir leis an Scéim Cúnaimh Caipitil agus riachtanais soláthair
 - Ceardlann CALF (ICSH) - chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta i láthair do bhaill an ICSH maidir leis an bpróiseas measúnaithe airgeadais leis an Áis Léasaithe Ardleibhéil Caipitil, agus
 - Na Caigndeáin don Chlár Oiliúna um Thithe ar Cíos (IPA)
- Riartha ag Scéim Sparánachta Oideachais na Ghníomhaireachta Tithíochta. In 2019, bhí maoiniú sparánachta (a chuidíonn go páirteach le táillí an chúrsa) curtha ar fáil do 43 gairmí tithíochta ó go leor eagraíochtaí, lena n-áirítear cúig údarás áitiúil agus 17 AHB. Cheadaigh an sparánacht d'fhaighteoirí áiteanna a ghlacadh sa Diplóma Gairmiúil Leibhéil 8 IPA i Staidéir Tithíochta, Teastas Leibhéil 6 i dTithíocht, chomh maith leis an Teastas Leibhéil 4 deimhnithe ag CIH (UK) i dTithíocht, rite ag an ICSH agus Clár Bunaitheoirí an CIH.

Idirghníomhaíocht leis an Earnáil Tithíochta

Idirghníomhaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta lena geallshealbhóirí i go leor bealaí, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí laethúla trína hobair ghinearálta. Faighimid ionadaíocht ar go leor fóraim agus coistí stiúrtha bainteach le tithíocht. Áirítear leo sin Fóram Cleachtóirí Tithíochta, Grúpa Anailísíochta Tithíochta agus Creat Náisiúnta um Phleanáil. Chomh maith leis sin, faighimid ionadaíocht ag ócáidí chur i láthair amhail comhdhálacha agus seiminéir ar fud na hearnála. Déanaimid freisin príomh-ócáidí a óstáil le chéile ina gcinntíonn na páirtithe ábhartha go bhfuil rannpháirtíocht ghníomhach ar bhonn níos foirmiúla.

Bhí na ócáidí a leanas eagraithe ag an Ghníomhaireacht Tithíochta in 2019.


Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta

An téama don Chomhdháil Cleachtóirí Tithíochta ná *Dul chun Cinn i dTithíocht: Pleanáil, Seachadadh, Cáilíocht agus Rialachán* agus bhí sé comheagraithe leis an Institiúid Riaracháin Poiblí. San áireamh leis, bhí sraith chur i láthair ar phríomh-dhúshláin amhail tithíocht, agus tithíocht sóisialta agus inacmhainne. San ócáid, bhí raon leathan cainteoirí ón Roinn, údarais áitiúla, AHB agus acadúla, agus eagraíodh é ar an 4 agus 5 Iúil 2019 i gCill Árne.

Taispeántas Samhlach Vín don Tithíocht Poiblí

Samhail ceannródaíoch Vín do thithíocht poiblí ar taispeánt ar fud Bhaile Átha Cliath in Aibreán 2019. I gcomhpháirtíocht idir an Ghníomhaireacht Tithíochta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Cathair Vín, thug an taispeántas inspioráideach seo cuairt ar Bhaile Átha Cliath don chéad uair (1-25 Aibreán 2019) agus bhí sé óstáilte ar feadh trí ionad i mBaile Átha Cliath. Ar taispeánt in CHO i nDugai Bhaile Átha Cliath, The Rediscovery Centre, Baile Munna, Bearic Richmond in Inse Chór, tugtar aitheantas idirnáisiúnta do Shamhail Vín do Thithíocht i ngeall ar a éacht leanúnach i bhforbairt tithíochta inbhuanaithe ardchaighdeán a úsáideann cur chuige cost-cíosa a sheachadaíonn tithíocht do chách mar thoradh.

Reachtaíodh sé sheiminéar agus bhí príomh-eilimintí pléite ag an Samhail Vín amhail dlús an daonra a bhainistiú, tithíocht phoiblí mar fhreagra inbhuanaithe agus cost-cíosa. Seoladh suíomh gréasáin don taispeántas, le eolas cúnta ar an Samhail Vín curtha ar fáil.



Toscairí ag labhairt ag am sosa le linn Comhdhála na gCleachtóirí Tithíochta 2019, ar téama léi *Dul chun Cinn i dTithíocht: Pleanáil, Seachadadh, Cáilíocht agus Rialachán.*



Tithíocht agus Inbhuanaitheacht an téama a bhí le Comhdháil Bhliantúil 2019 na Gníomhaireachta Tithíochta, reachtáilte i bPáirc Aviva Bhaile Átha Cliath. Ag an ócáid bhí (clé go dtí taobh dheis) Krystyna Rawicz, Stiúrthóir Bainistíochta, Comhpháirtithe Tionscadail KRA Visionary; Eoghan Murphy TD, Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag an am; Sorcha Edwards, Ard-Rúnaf, Housing Europe; Michael Carey, Cathaoirleach, an Gníomhaireacht Tithíochta; Amanda Ziegler Dybbroe, Bainisteoir an Chláir, CCPD, Copenhagen; agus Laura Burke, Ard-Stiúrthóir, An Gníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil.

Comhdháil Bhliantúil

D'eagraigh an Ghníomhaireacht Tithíochta a Comhdháil Bhliantúil ar an 6 Samhain 2019 i mBaile Átha Cliath, le *Tithíocht agus inbhuanaitheacht* mar théama. D'oscail an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an comhdháil, a bhí dírithe ar an earnáil tithíochta is leithne.

Ócáidí For-Rochtana do Stiúrthóirí Deonacha le Comhlachtaí Bainistíochta na nÚinéirí

Leis an méadú i líon na n-eastát faoi bhainistíocht, forbairtí il-aonaid, agus comhlachtaí bainistíochta na n-úinéirí (OMC) timpeall na tíre, d'óstáil an Ghníomhaireacht Tithíochta ócáidí for-rochtana oíche do stiúrthóirí deonacha le OMC. Chlúdaigh na ócáidí ról agus freagrachtaí na stiúrthóirí OMC, acmhainní ar fáil do stiúrthóirí OMC, agus dúshlán a bhí roimh

OMC agus eastáit bainistithe. Rinneadh na ócáidí píolóta i gCarraig Mhachaire Rois, Co.

Mhuineacháin, ar an 27 Samhain, agus cathair na Gaillimhe ar an 4 Nollaig, le sraith ócáidí timpeall na tíre pleanáilte do 2020.

Taighdeoirí Piaráí

Thacaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta le Focus Ireland chun seiminéar a óstáil a phléigh deachleachtas i dtaighde piaráí agus easpa dídine: *Taighde Piaráí agus*

Tuiscint a bhaint as Easpa Dídine: Staidéar ar Chleachtas, Foghlaim agus Nuálaíocht, i Samhain 2019. Bhailigh an ócáid seo le chéile príomh-ghníomhairí ar fud na hEorpa atá ag idirghníomhú ina dtaighde piaráí chun nádúr a gcuid oibre a roinnt, chomh maith le nuálaíochtaí i dtaighde piaráí, dúshlán agus deiseanna.



Thaispeáin Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Ghníomhaireachta Tithíochta, John O'Connor, taispeántas don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy TD, le béim ar an Samhain Vín do Thithíocht, de réir léirithe ag Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta.

Soláthair agus Úsáid Tithíochta a Optamú



Aidhm: Soláthair agus úsáid éifeachtach an stoic thithíochta a optamú le faisnéis do chinntí polasaithe, ag comhoibriú ar sheachadadh le príomh-gheallshealbhóirí agus monatóireacht ar dhul chun cinn.

Aonad Seirbhíse Chomhlacht Tithíochta Faofa (AHB)

Bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta Aonad Seirbhíse AHB in 2017 i gcomhréir le Ag Atógáil na hÉireann (Gníomh 2.14). Tá ceathrar bhall foirne ar an aonad seo agus tugann sé cúnamh don Roinn Tithíochta, AHB agus údaráis áitiúla chun tacú le seachadadh tiomanta ag AHB.

Na príomh-shocrúcháin maoinithe chun seachadta tithíochta sóisialaí le AHB ná trí mheán Comhaontuithe Íocaíochta agus Infhaighteachta (P&A) i dteannta le iasacht thánaisteach darb ainm Áis Léasaithe Ardleibhéil Caipitil (CALF). Tá an maoiniú ann ar mhaithe le ceannacháin, tógála nó athchóiriú tithíochta a gcuirfear ar fáil chun cuspóirí tithíochta sóisialaí. Déanann Aonad Seirbhíse AHB measúnuithe airgeadais ar iarratais maoinithe de réir AHB agus tugann sé moltaí don Roinn ar leibhéal CALF agus P&A a theastaíonn i gcomhair gach tairisceana.

Dul chun cinn

Críochnaíodh Measúnuithe Airgeadais agus Tuarascálacha Measúnaithe do 340: P&A/CALF iarratas le linn 2019. Ar iomlán, bhí 4,987 teach féideartha sna measúnuithe sin, gan a chur san áireamh iad sin a fuair measúnú níos mó ná uair amháin in 2019. Na figiúirí comparáideacha do 2018 ná 197¹ measúnú a chomhdhéanann ar iomlán 3,205 teach.

Ó 2016 go dtí Nollaig 2019, rinne an Ghníomhaireacht measúnú ar 785 tionscadal ar iomlán, le toradh féideartha 13,501 áitreabh. Is féidir é sin a bhriseadh síos de réir cineáil soláthair ar an gcairt ar leathanach 22.

Rinne Aonad Seirbhíse AHB athbhreithniú ar an samhail maoinithe P&A/CALF thar ceann na Roinne. Cuireadh na athruithe molta don samhail agus próiseas airgeadais i bhfeidhm ó 1 Iúil 2019.

Lean Aonad Seirbhíse AHB ag fairsingiú a sheirbhíse ullmhaíochta conartha d'údaráis áitiúla agus AHB ar feadh 2019. Ullmhaíodh conarthaí do 124 tionscadal ar leithligh lena n-áirítear 1,861 áitreabh.


Tá Aonad Seirbhíse AHB ag soláthar tacaíochta leanúnaigh don Roinn i réimsí amhail riachtanais maoinithe don todhchaí ar áitribh maoinithe caipitil agus measúnú ar fhoinsí ailtéarnacha maoinithe ag eascrú ón earnáil AHB.

13,501

Áitreabh féideartha ó mheasúnú ar 785 tionscadal idir 2016 agus 2019

¹ Tá eilimint forluí ann le blianta roimhe seo de réir is a thugtar ath-mheasúnú ar roinnt tionscadail ina dteastaíonn athruithe ar thorthaí ceada pleanála nó próisis tairisceana.

Iarratais Measúnaithe CALF Próiseáilte agus Cineál Tionscadail ó 2016 go dtí Nollaig 2019



Ceannacháin agus Aimsiú Tithíochta

Faoi réir Ag Atógáil na h-íreann, tugadh treoracha don Ghníomhaireacht Tithíochta chun idirbheartú go díreach le bainc agus comhlachtaí infheistíochta chun cuspóra 1,600 teach a cheannach roimh dheireadh 2021. Tugadh timpeall €76m i maoiniú go díreach don Ghníomhaireacht Tithíochta in 2016 agus 2017, agus tá an maoiniú sin le bheith scaipthe le díolachán tithe athchóirithe chuig AHB. Leis sin, leanamar ag ceannach tithe go díreach d’údaráis áitiúla agus ag aimsiú áitreabh do thithíocht shóisialta ó portfolio NAMA.

Dul chun cinn

Go ginearálta, bhí an Ghníomhaireacht ag obair go díograiseach i bhforáil 615 teach do thithíocht shóisialta faoi réir na modhanna difriúla ceannacháin agus aimsithe sin, de réir leagtha amach sa tábla ar leathanach 23.

“Nuair a cheannaítear teach leis an gciste, cuirtear é ar aghaidh do AHB faoi léas feighlí sula ndíoltar é don AHB. Ceadáíonn an léas feighlí don AHB deisiúcháin a dhéanamh agus tiónónta a fháil don mhaoin agus an díolachán ag dul ar aghaidh.”

Nuair a cheannaítear teach leis an gclár maoinithe imrothlaigh, cuirtear é ar aghaidh don AHB faoi léas feighlí sula ndíoltar é don AHB. Ceadáíonn an léas feighlí don AHB deisiúcháin a dhéanamh agus tiónónta a fháil don mhaoin agus an díolachán ag dul ar aghaidh.

In 2019, dhíol an Ghníomhaireacht Tithíochta 148 teach do AHB, agus dá bharr is é iomlán díolta ag an nGníomhaireacht do AHB

ná 441. Tá ceithre theach eile díolta d’údaráis áitiúla. Roimh dheireadh 2019, ba é 531 líon na dteach le tiónóntaí.

615

teach soláthraithe tríd an dtacaíocht Gníomhaireachta Tithíochta ó 2016



Modh	Líon
Ceannachán	
€70M maoiniú ceannachán do Chomhlachtaí Tithíochta Faofa	155 ₂
€70M maoin aimsithe do cheannachán díreach ag údaráis áitiúla	38 ₃
	193
Ceannachán díreach d'Údaráis Áitiúla	61
Ceannachán Tionscnaíochta Tithíochta ar dTús d'Údaráis Áitiúla (gan dídean), Lándéanta (nua-thógtha) ceannachán d'Údaráis Áitiúla	78
	164
	303
Aimsiú maoine	
Portfolio Iasachta Nama	119 ₄
Iomlán na dteach soláthraithe faoi mhodhanna seachadta difriúla	615

² Áirítear leis 26 maoin maoinithe in 2018 ach idirbirt críochnaithe in 2019. Dá bharr sin, is é an t-iomlán ceannaithe faoi réir an chiste imrothlach ná 784 ag deireadh Nollaig 2019.

³ Bhí na ionaid maoine sin ceannaithe i dtrústa ag an nGníomhaireacht d'údaráis áitiúla ag úsáid airgid soláthraithe ag na údaráis áitiúla ach bhí €70m seachadta leo de réir aontaithe leis an Roinn Tithíochta.

⁴ Dá bharr sin is é iomlán na dtithe aimsithe trí NAMA ná 2,569 ag deireadh Nollaig 2019.

Scéim Athshlánaithe Piríte


Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta Scéim Athshlánaithe Piríte i bhfeidhm thar ceann an Bhoird Athshlánaithe Piríte. Faoi láthair, tá clár ag an nGníomhaireacht Thithíochta le oibreacha ag dul chomh fada le 2021. Tá sin bunaithe ar líon na n-iarratas faofa agus am na n-iarratas sin. Ba é leithdháileadh maoinithe do 2019 ná €32m.

Dul chun cinn

Suas go dtí deiridh 2019, bhí 2,592 iarratas faighte faoi réir na Scéime Athshlánaithe Piríte agus 2,110 faofa i gcomhair ionchuimsithe sa scéim.

Roimh dheireadh 2019, bhí feabhsúchán críochnaithe in 1,890 teach, lena n-áirítear 511 teach le linn 2019. Bhí sé sin 51 teach os cionn targaide na bhliana.

Scéim Athshlánaithe Piríte - Aonaid Maoine Athshlánaithe



1,890

oibreacha athshlánaithe piríte déanta ar thithe roimh dheireadh 2019

Forbairt agus Bainistíocht Talún

Ag deireadh ollaig 2019, bhí 80 suíomh ag an Gníomhaireacht Tithíochta faoina úinéireacht lonnaithe ar fud na tíre. Tá freagracht ag an nGníomhaireacht seo as bainistíocht a thabhairt ar na suíomhanna sin, ach níos tábhachtaí ná sin, chun suíomhanna a aithint i gcomhair forbartha tithíochta.

Dul chun cinn

Tá cúig cheann de na suíomhanna Scéime Comhbhailiúcháin Talún agus ceann de shuíomhanna na Gníomhaireachta Tithíochta aistrithe go hiomlán go dtí seo. Go ginearálta, de réir luaite i bhForbairt Straitéiseach na Gníomhaireachta Tithíochta agus Plean Bainistíochta, tá 44 suíomh gníomhach maidir le foráil tithíochta sa toadhcháil.

Diúscartha Suíomhanna Iomláine i gcomhair Forbartha

	Aistriú/Diúscairt	Forbairt	Dlite chun Seachadta
Bóthair Dhún Táithín, Mainistir Fhear Maí, Co. Corcaigh	Diúscairt páirteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna Aistriú ar an chuid eile den suíomh chuig Comhairle Contae Chorcaigh	Bunscoil nua 46 teach agus foirgneamh pobail	Críochnaithe Tógáil tosaithe in Q4 2018 agus sa sceideal le bheith críochnaithe in 2020.
Bóthair Áth na Sceire, Áth an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath	Aistriú chuig Dún Laoghaire Ráth an Dúin Comhairle Contae	155 teach (50 astu ar chostas cíosa)	Tógáil tosaithe i Meitheamh 2019. Tithe le bheith seachadta in 2021.
An Gleann, Co. Luimnigh	Aistrithe go AHB	Tithe do sheandaoine	Talamh díolta. Stádas forbartha anaithnid
Baile Uí Lúbaigh, Co. Thiobrad Árann	Aistrithe go Trusta Dheoise Phort Láirge agus Leasa Móire	Áiseanna scoile cúnta	Talamh díolta. Stádas forbartha anaithnid
Oakwood, Maigh Chromtha, Co. Chorcaigh	Aistrithe go Comhairle Contae Chorcaigh chun forbairt a éascú faoi réir PPP Bhurla 2	50 teach thithíochta sóisialaí	Thosaigh tógáil i Nollaig 2019 agus tá sé sa sceideal le bheith críochnaithe in Q2 2021.
The Miles, Cloich na Coillte, Co. Chorcaigh	Aistrithe go Comhairle Contae Chorcaigh chun forbairt a éascú faoi réir PPP Bhurla 2	52 teach thithíochta sóisialaí	Thosaigh tógáil i Nollaig 2019 agus tá sé sa sceideal le bheith críochnaithe in Q2 2021.

Diúscairtí Páirteacha Críochnaithe chun Forbartha

	Aistriú/Diúscairt	Forbairt	Dlite chun Seachadta
Baile an Chradógaigh, An Nás, Co. Chill Dara	Aistrithe go páirteach go Comhairle Contae Chill Dara chun forbairt a éascú faoi réir PPP Bhurla 1	74 teach thithíochta sóisialaí	Tógáil tosaithe i Márta 2019 agus sa sceideal le bheith críochnaithe in Q2 2020.
Lána Neansaí, Claonadh, Co. Chill Dara	Aistrithe go páirteach go Comhairle Contae Chill Dara chun forbairt a éascú faoi réir PPP Bhurla 2	77 teach thithíochta sóisialaí	Thosaigh tógáil i Samhain 2019 agus tá sé sa sceideal le bheith críochnaithe in Q2 2021.
Beairic Devoy, An Nás, Co. Chill Dara	Aistrithe go páirteach chuig Comhairle Contae Chill Dara	MERITS - foirgneamh oifige dhá stór (Spás Smaoinimh Nuálaíochta Meán- Réigiúnach)	Thosaigh tógáil i Samhain 2019 agus tá sé sa sceideal le bheith críochnaithe in Q4 2020.

Aistrithe ag dul chun cinn

	Forbairt	Dlite chun Seachadta
Sé shuíomh forbartha ag údaráis áitiúla. Áirítear leis sin suíomhanna in Co. Loch Garman, suíomh amháin in Co. Laoise, agus codanna de shuíomhanna ag Hampton, Baile Brigín, Co. Átha Cliath agus Baile an Mhóinín, Co. Gaillimhe (Cuid 1).	98 teach	Tógáil tithe críochnaithe.
Dhá shuíomh á bhforbairt ag údaráis áitiúla. Áirítear leo Townparks, Ceanannas, Co. Mí agus cuid eile de shuíomh ag Bóthair Bhaile an Mhóinín, Co. Gaillimhe (Cuid 2).	118 teach	Tithe á dtógáil.
Dhá shuíomh le bheith forbartha ag údaráis áitiúla ag an staid pleanála. Áirítear leo sin Cnoc Loinge, Co. Luimní agus Bóthair Townsend, An Sciobairín, Co. Chorcaigh.	18 teach	Tógáil sa sceideal le tosú in 2020.

Aistrithe ag dul chun cinn (ar lean)

	Forbairt	Dlite chun Seachadta
Trí shuíomh a chuimsíonn 11.5ha faofa do Mhaoiniú Gníomhachtaithe Tithíochta Infreastruchtúir Áitiúil	Líon na dtithe le bheith deimhnithe ag an staid pleanála	Dáta tosaithe agus seachadta le bheith molta.
Trí shuíomh dlite le bheith aistrithe chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún	Líon na dtithe le bheith deimhnithe. Plé ar síúil leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún	Dáta tosaithe agus seachadta le bheith molta.

I ndiaidh próisis léirithe suime i nDeireadh Fómhair 2018, fuarthas léiriú suime ó AHBs i gcomhair naoi suíomh aitheanta mar Oiriúnach d'Fhorbairt Láithreach. Bhí suim

Léirithe freisin ag AHB ar 10 suíomh tánaisteach breise sa Phlean Forbartha agus Bainistíochta Straitéiseach.



Tionscadail Tithíochta agus Soláthar

Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta comhairle teicniúil agus bainistíochta tionscadail d'údaráis áitiúla agus AHB. Clúdaíonn an cúnamh tugtha gach staid den fhorbairt thionscadail ó staidéar indéantachta, trí dhearadh, tairiscint, tógáil, agus aistriú.

Soláthar

I ndiaidh bunaíochta aonaid soláthair in 2016, lean an Ghníomhaireacht Tithíochta ag soláthar comhairleoireachta soláthair speisialaithe don Roinn, údaráis áitiúla, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH) agus AHB in 2019.

Dul chun cinn

Bhí idirghníomhaíocht leanúnach leis an Roinn, an ICSH agus na údaráis áitiúla maidir le roghanna soláthair agus comhairle is seirbhísí a chur ar fáil, de réir luaite sa tábla thíos.

Tionscadail

Thug an Ghníomhaireacht Tithíochta bainistíocht thionscadail, dearadh, agus riarachán conartha do na tionscadail tógála a leanas:

- Críochnú agus aistriú ocht dteach agus oibreacha forbartha suímh gaolmhara ag Brí, Baile na Lorgan, Co. Muineacháin
- Críochnú ar chonradh oibreacha ceadaithe don tógáil sa todhcháí ar fhorbairt tithíochta ag Bóthar na Cille Móire, Cuid 2C
- Oibreacha athshlánaithe agus athchóirithe tosaithe ar 80 teach agus forbairt suímh gaolmhar ag Mullach Meata Chuid 4, Muineachán.

Thug an Ghníomhaireacht comhairleoireacht chostais, suirbhé cháinníochta agus riarachán conartha do go leor tionscadail tógála críochnaithe in 2019 do Chomhairle Contae Chiarraí.

Leis sin, i ndiaidh iarratais ó na údaráis áitiúla, rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta suirbhéanna suímh réamh-léasaithe agus chríochnaigh sé tuarascálacha ar choinníoll tógála.

Cineál Tacaíochta agus Comhairle	Seachadadh
Bainistíocht ar thairiscintí agus ceapachán foirne comhairleoireachta iomláine dearaidh do gach leibhéal laistigh AHB i gcomhair ceithre thionscadal tithíocht	Seachadadh 34 tí
Staidéar indéantachta d'údaráis áitiúil ar shuíomh athfhorbraíochta lena n-áirítear struchtúr chosanta i mbaile tuaithe	Seachadadh féideartha 18 árasán
Cúnamh soláthair speisialaithe d'údaráis áitiúla i gceapachán comhairleoirí gairmiúla agus teicniúla a theastaíonn chun seachadta tionscadail	Seachadadh 71 teach
Staidéar indéantachta do AHB ar shuíomh athfhorbraíochta i limistéar uirbeach	Seachadadh féideartha 15 árasán
Cúnamh soláthair speisialaithe d'údaráis áitiúla i gceapachán conraitheoirí oibreacha a theastaíonn chun seachadta tionscadail	24 teach
Staidéar indéantachta agus breithmheas caipitil i gcomhair cumainn tithíochta faoi dhíon i suíomh cónaithe ar thaobh istigh na cathrach	Seachadadh féideartha 20 árasán

Stráitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine le Míchumais

Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Sláinte Stráitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine le Míchumais i bhfeidhm 2011-2016 (NHSPWD), a bhí athdhearbhaithe agus sínte go dtí 2020 faoi réir Atógáil na hÉireann. Tá cathaoir ag an Ghníomhaireacht Tithíochta ag Foghrúpa Tithíochta Náisiúnta, léirithe ar an nGrúpa Monatóireachta Chur i bhFeidhm agus tiomáineann sé forghníomhú agus seachadadh gníomhartha tithíochta de réir leagtha amach laistigh an NHSPWD.

Dul chun cinn

Príomh-ghníomhaíochtaí déanta ag an Ghníomhaireacht Tithíochta le linn 2019 chun tacú leis an straitéis, lena n-áirítear:

- 1 A bheith gaolta go lárnach i mbunaíocht 31 Grúpa Stiúrtha Míchumais Tithíochta (HDSG), ag tabhairt comhairle agus tacaíochta d'údarás áitiúla agus freastal ag a gcruinnithe ráithiúla.
- 2 Athbhreithniú agus eisiúint ar Théarmaí Tagartha athbhreithnithe chuig an HDSG agus cuidiú le ballraíocht.
- 3 Tús a chur le seachadadh seisiúin oiliúna meabhairshláinte agus feidhmiú céimneach an Lámhleabhair Idirghabhála Luath Meabhairshláinte d'fhoireann tithíochta ó údarás tithíochta agus AHB ar fud an náisiúin.
- 4 Maoirseacht ar thargaidí leithdháilte míchumais straitéisigh agus cuspóirí socraithe ag gach limistéar údarás áitiúla agus na sonraí sin a bhailiú is a thiomsú go bliantúil ón Roinn agus Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta.
- 5 Foirm Eolais Liachta / Míchumais a fhorbairt agus a dhéanamh píolóta le ceithre údarás áitiúil chun faisnéis liachta a chaighdeánú de réir riachtanais údarás áitiúla.
- 6 Bainistíocht in éineacht ar aistriú maoine meabhairshláinte le tionscadail tacaíochta tionóntachtaí de réir is a bhí sé feidhmithe de réir céimeanna go náisiúnta agus a chuaigh sé i bhfeidhm i seacht Limistéar HSE CHO, ag tabhairt slándála tionachta do chónaitheoirí ghrúpa brú óige agus cónaitheachta pobail faoi úinéireacht HSE.
- 7 Fóraim agus deiseanna cruthaithe agus éascaithe d'údarás áitiúla le teacht le chéile chun an bhliain go dtí seo a phlé agus béim a chur ar an ngá do phleanáil straitéiseach maidir le tithíocht do dhaoine le míchumas.
- 8 Cúnamh a thabhairt don Roinn le forbairt leanúnach ar Fhoirm Tithíochta Sóisialaí agus Deontais Oiriúnaitheacha Tithíochta do Sheandaoine agus Daoine le Míchumas.

Grúpa Athbhreithnithe ar Oibriúchán an Phróisis Forbartha Tithíochta Straitéisigh 2017-2019

Reachtaíocht glactha in 2016/17 a bhunaigh próiseas pleanála gasta do chineálacha áirithe forbartha tithíochta (go háirithe scéimeanna 100+ aonad do spás leaba mhic léinn) aitheanta mar Fhorbairt Tithíochta Straitéiseach (SHD). Faoi réir an phróisis sin, seoltar iarratais pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála (ABP), i ndiaidh comhairleoireachta réamh-iarratais dian leis an Údarás Pleanála agus ABP. Bhí forálacha an SHD i bhfeidhm ar thréimhse tosaigh, go deireadh 2019, ach d'fhéadfadh siad a bheith sínte ag Ordú Aireachta ar feadh dhá bhliana eile go deireadh 2021 chun a bheith comhréireach le tréimhse Ag Atógáil na hÉireann.

Sula ndearnadh ordú dá leithéid, bhunaigh an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Grúpa Athbhreithnithe, lena n-áirítear ball na Gníomhaireachta Tithíochta, chun athbhreithniú a thabhairt ar oibriúchán agus éifeachtacht na bhforálacha SHD. Thug an grúpa anailís ar na sonraí pleanála, chas sé le geallshealbhóirí, agus rinne sé athbhreithniú ar aighneachtaí faighte ar chomhairleoireacht phoiblí. Thuairiscigh an grúpa don Aire i Meán Fómhair 2019, agus de réir molta, shín an tAire an foráil go dtí 2021.

Cur Chuige Nuálaíoch don Fhoráil Lóistín do Thaisteálaithe

Ar feadh 2019, thacaigh an Ghníomhaireacht le Cena, cumann tithíochta faoi cheannas Taisteálaithe bunaithe chun lóistín chuí don chultúr a sholáthar do agus le Taisteálaithe. Rinne Oifigeach Forbartha Tionscadail comhairleoireacht agus pleanáil straitéiseach le Taisteálaithe, faoi mhaoirseacht dhá thionscadal píolóta, agus idirchaidreamh le údarás áitiúla, AHB agus oifigigh na Roinne, chun cuidiú le forbairt sruthanna maoinithe agus bainistíocht thionscadail lena n-áirítear staidéir indéantachta, foirme deartha a choimisiúnú agus oibreacha a mheasúnú agus a bhainistiú do lóistín reatha.

Táthar ag súil go mbeidh an chéad ceithre theach nua in Uíbh Fhailí ullamh ag tús 2020, le cúig theach eile a staid phleanála i nGaillimh agus 45 teach féideartha eile ag staid thairisceana i dtrí údarás áitiúil eile. Tá Cena ag obair freisin le Clúd Housing chun dhá theach déag eile a sheachadadh i gCorcaigh agus tá sé ag smaoiniú freisin ar acmhainneacht na Scéime Ceannaigh agus Feabhsaigh.

Tuiscint a Bhaint as Éileamh agus Inacmhainneacht na Tithíochta



Aidhm: Tuiscint a bhaint agus freagairt do threochtaí éilimh tithíochta agus áit tosaíochta a thabhairt d'inacmhainneacht, le faisnéis do chinntí polasaithe agus ag obair le chéile ar bhearta le geallsealbhóirí tábhachtacha chun déileáil le ceisteanna éilimh agus inacmhainneachta.

Próiseas Ceartaithe ar Riaráiste Mhorgáiste

Teastaíonn ón bPróiseas Ceartaithe ar Riaráiste Mhorgáiste (MARP) go mbeidh gach iasachtóir (bainc agus cistí) ag cloí le próiseas d'iasachtaithe a thiteann i riaráiste lena morgáiste. Tá sé deartha le cuidiú leis an iasachtaí a riaráiste a idirbheartú lena iasachtóir.

Is freagra ailtéarnach é Morgáiste go Cíos Údaráis Áitiúla (LAMTR) nuair nach féidir aon socrúchán a chur i bhfeidhm faoi réir MARP agus tá sé in oibriúchán le gach údaráis áitiúla.

Dul chun cinn

Chuidigh an Ghníomhaireacht Tithíochta leis an Roinn le linn dréachtaithe an chiorcláin bhliantúla d'údaráis áitiúla maidir leis an bpróiseas LAMTR le bheith leanta.

Thugamar comhairle agus tacaíocht d'fhoireann an údaráis áitiúla ar gach gnéithe an MARP lena n-áirítear LAMTR agus athstruchtúradh iasachtaí úinéireachta roinnte, ar feadh na bliana. Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta oiliúint d'údaráis áitiúla ar MARP. Leanann sé ag soláthar comhairle agus tacaíochta do ghréasáin bunaithe ar bhonn rialta chun taithí agus dea-chleachta a roinnt.

Morgáiste go Cíos

Gníomhaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta mar chomhordaitheoir náisiúnta do Scéim Mhorgáiste go Cíos (MTR), tionscnaíocht an Rialtais chun cuidiú le úinéirí tí atá faoi riosca a dtithe a chailleadh.

Dul chun cinn


Bhain 196 teach leas as an Scéim MTR in 2019, agus dá bharr sin is é 641 iomlán na dtithe go ginearálta. Leis sin, bhí ar iomlán 1,226 cás gníomhach ag deireadh na bliana.

“Thugamar comhairle agus tacaíocht d'fhoireann an údaráis áitiúla ar gach gnéithe an MARP lena n-áirítear LAMTR agus athstruchtúradh iasachtaí úinéireachta roinnte, ar feadh na bliana.”

641

Líon iomlán na dtithe a bhain leas as Morgáiste go Cíos

Morgáiste go Cíos



Íocaíocht Chúnamh Tithíochta (HAP)

Bhí HAP curtha ar fáil ag deireadh 2014 ar bhonn píolóta agus feidhmithe ar chéimeanna go náisiúnta, ag éirí ina scéim náisiúnta in 2017. Bhí an íocaíocht curtha ar fáil chun a cheadú do dhaoine incháilithe do thithíocht shóisialta, le riachtanas fadtéarmach, cónaí i lóistín cíosa príobháideach. D'athchuir sé an Forlónadh Cíosa dóibh sin a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu. Tá ról tábhachtach ag an Ghníomhaireacht Tithíochta i gcur i bhfeidhm na tionscnaíochta nua seo go náisiúnta.

Dul chun cinn

Lean an Ghníomhaireacht Tithíochta ag cuidiú le údarais áitiúla agus leis an Roinn le cur i bhfeidhm na scéime. Bhí an Ghníomhaireacht i gceannas ar athbhreithniú ar an bhfoirm iarratais HAP leis an bhfoirm nuashonraithe réidh le cur ar fáil i gcomhréir le feabhsuithe sa chóras á gcur i bhfeidhm ag an nGhníomhaireacht Bhainistíochta Rialtais Áitiúil ar feadh údarais áitiúla.

Chomh maith le comhordú ar an gCoiste Cleachtóirí HAP agus Fóram Cleachtóirí HAP, tá an Ghníomhaireacht mar bhall le Bord Tionscadail HAP agus Coiste Próisis HAP.


Seirbhísí Frithgheallta Iasachta Náisiúnta

Soláthraíonn údarais áitiúla táirgí iasachta cheannacháin tithíochta. Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta seirbhísí frithgheallta iasachta lárnacha d'údarais áitiúla go náisiúnta. I mí Feabhra 2018, cuireadh Iasacht Tithíochta Ag Atógáil na hÉireann ar fáil, ag déanamh úinéireacht tí níos inacmhainne do cheannairí chéad uair trí rátaí úis daingean do 25 go 30 bliana.

Dul chun cinn

In 2019, fuarthas ar iomlán 2,815 iarratas ar Iasacht Ag Atógáil na hÉireann i gcomhair frithgheallta. As an 2,685 iarratas bailí, bhí 1,324 (49%) molta i gcomhair faofa agus 1,361 molta i gcomhair diúltaithe.

Ó chuireadh Iasacht Tithíochta Ag Atógáil na hÉireann ar fáil, fuarthas 6,560 iarratas i gcomhair frithgheallta. Ar iomlán bhí 1,873 iarratas molta chun faofa, agus 1,845 molta i gcomhair diúltaithe.



Torthaí a Réadú Trínár nDaoine



Aidhm: Cinntiú go dtacaíonn córais agus cultúr na Gníomhaireachta le cabhair gach duine a bhfuilimid ag idirghníomhú leo chun ár dtargaidí a bhaint amach.

I gcomhréir le freagrachtaí agus acmhainníocht mhéadaithe, d'fhairsingigh an Gníomhaireacht Tithíochta go suntasach le 12 mí anuas, ag méadú a fórsa oibre ó 66 go dtí 89.

Chun an plean straitéiseach 2019-2021 a chur i bhfeidhm, teastaíonn fórsa oibre le acmhainní agus trealamh iomlán, le scileanna agus cumais riachtanacha chun targaidí uailmhianacha a sheachadadh. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta tiomanta chun cultúr eagraíochta a sholáthar a cheadaíonn dár gcuid foirne torthaí dearfacha a sheachadadh.

In 2019, rinne an Gníomhaireacht Tithíochta go leor tionscnaíochtaí chun cabhair na ndaoine a bhfuilimid ag obair leo a optamú, a oibríonn i gcomhréir leis an eagraíocht:

- Chuireamar feabhas le éifeachtacht an Bhoird, trí chomhlíonadh rathúil athbhreithnithe neamhspleách an Bhoird, ag tabhairt deiseanna oiliúna dá baill, ag forbairt

Bearta éagsúlachta agus ionchuimsithe, agus ag bunú painéil comhairligh ar ábhair amhail taighde/smaointe, inacmhainneacht agus easpa dídine.

- Neartaigh muid ár gcuid foirne agus muid ag ullmhú clár oiliúna agus forbartha agus straitéis daoine agus athbhreithniú ar struchtúir bhainistíochta.
- Mholamar d'fhórsa oibre neartaithe clár oibre na heagraíochta a dhéanamh agus tacú leis trí chur i bhfeidhm pleain earcaíochta agus plean acmhainní agus forbairt ar pholasaí coinneála foirne.
- Chuidigh muid eagraíocht fháiltiúil ionchuimsitheach a chothú a thacaíonn le éagsúlacht le rannpháirtíocht i ngréasáin seachtracha agus tionscnaíochtaí chun dea-chleachta a roinnt ar mhaithe le éagsúlachta agus ionchuimsithe, ag soláthar agus ag cur chun cinn Clár Cúnaimh d'Fhostaithe agus ag athbhreithniú Lámhleabhair Foirne agus nósanna imeachta iondúchtaithe chun éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur le príomhluachanna na heagraíochta.
- Chuireamar feabhas le roinnt faisnéise, comhoibríocht agus cumarsáidí, ag bunú grúpaí oibre trasghearrthach i limistéir a chruthaíonn éifeachtachtaí, amhail obair chliste IT agus bainistíocht shonraí.

“Tá an Gníomhaireacht Tithíochta tiomanta chun cultúr eagraíochta a sholáthar a cheadaíonn dár gcuid foirne torthaí dearfacha a sheachadadh.”

Cloí le Tiomantais Rialachais agus Seirbhíse



Aidhm: Cinntiú go n-oibrímid ar ardleibhéil rialachais an earnála poiblí agus comhpháirtíochtaí láidir a thógáil le príomh-gheallshealbhóirí.

Reachtaíocht: Comhlachtaí Tithíochta Faofa

Bhí Acht Tithíochta Rialachán ar Chomhlachtaí Tithíochta Faofa) 2019 sínithe isteach sa dlí ar an 23 Nollaig 2019. Ceadóidh sé sin bunaíocht an Údaráis Rialála Chomhlachtaí Tithíochta Faofa agus chun feidhmeanna a thabhairt air:

- Chun soláthair do chlárúchán daoine áirithe mar chomhlachtaí tithíochta faofa
- Soláthair do shocrú caighdeáin i gcomhair faofa comhlachtaí tithíochta faofa a bhaineann le rialachas, bainistíocht airgeadais, bainistíocht mhaoine agus acmhainne agus bainistíocht ar thionóntachtaí agus comhréireacht leis na caighdeáin sin
- Soláthair do chomhlíonadh measúnuithe ar chaighdeáin agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm pleananna comhréireachta
- Soláthair do chomhlíonadh imscrúduithe; foráil a dhéanamh maidir le cosaint comhlachtaí tithíochta faofa
- Foráil a thabhairt d'fheidhmiú, le modhnaíocht, ar fhorálacha áirithe Achta na gComhlachtaí 2014 do chomhlachtaí tithíochta faofa
- Foráil a dhéanamh i gcomhair cealaithe clárúcháin do chomhlachtaí tithíochta faofa
- Foráil i gcomhair bunaíochta Painéil Achomhairc.

262

AHB measúnaithe le linn timthriail measúnaithe 2018/19.

Rialachán Deonach ar Chomhlachtaí Tithíochta Faofa

Dhírigh Oifig Rialála ar a phríomh-aidhm a bhaineann le oibriú chun sócmhainní AHB a chosaint agus leasanna tionóntaí reatha agus sa todhchaí a chosaint ar feadh an Chóid Rialála Deonaigh. Shínigh AHB an cód deonach, lean siad ag neartú agus ag cur lena Rialachas, Indéantacht Airgeadais agus Bainistíocht Fheidhmíochta.

Dul chun cinn

Bhí 262 AHB measúnaithe le linn sraithe measúnaithe 2018/19. Léirigh 87% de AHB ardleibhéil comhréireachta. Bhí na AHB a fuair measúnú mar 33,945 teach faoi réir chreata rialála. Lean an t-earnáil AHB ag léiriú tiomantais láidre le cinntiú go mbeadh sé dea-bhainistithe, dea-rialaithe agus indéanta ar bhonn airgeadais.

Tabharfaidh an ghluaiseacht ó Chreat Rialála Deonach go dtí Creat Reachtuil ráthaíochtaí do thionóntaí, infheisteoirí, don Rialtas agus don earnáil féin go n-oibríonn AHB i dtimpeallacht dea-rialaithe agus seasmhach. Beidh an Oifig Rialála agus an earnáil AHB ag dul chun cinn anois i dtreo timpeallachta reachtúla. Léiríonn an dul chun cinn sin gluaiseacht ar feadh 2018/19 ó thimpeallacht oideachais go dtí creat bunaithe ar ráthaíocht, ina n-iarrtar ar AHB fianaise agus ráthaíocht a sholáthar maidir lena gcomhréireacht.

Beidh an 18 mí amach romhainn mar thréimhse trasfhoirmithe suntasaigh i gcomhair na hOifige Rialála agus an earnála AHB araon. Tá an Oifig Rialála tiomanta le aistriú gan stró a chinntiú agus beidh sé ag idirbheartú leis an earnáil ar feadh an phróisis trasfhoirmithe.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird

Aithníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta an tábhacht a bhaineann le dea-rialachas agus déanann sí a dícheall chun oibriú de réir dea-chleachtais. Sa chuid seo, aimseoidh tú an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhail an Bhoird.

Rialachas

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi réir Oird Bhunaíochta SI 264 ó 2012. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gcuid 5 an Oird. Tá an Bord cuntasach as an Aire le freagracht as tithíocht agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Chun an tasc seo a chomhlíonadh, socraíonn an Bord cuspóirí straitéiseacha agus targaidí agus glacann sí cinntí ar gach príomh-cheisteanna gnó. Tá freagracht ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ag an bhfoireann bhainistíochta sinsearaí as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil na Gníomhaireachta Tithíochta. Ní mór dóibh treoir straitéiseach leathan leagtha amach ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball an Bhoird ar príomh-ghníomhaíochtaí agus cinntí bainteach leis an eintiteas, agus aon rioscaí suntasach ar féidir a bheith ann. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht na Gníomhaireachta Tithíochta.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTearmaí Tagartha an Bhoird, ina bhfuil ceisteanna curtha ar leataobh go speisialta chun cinntí an Bhoird. Áirítear i measc earraí seasta curtha san áireamh ag an mBord:

- Dearbhú leasanna
- Riosca
- Tuarascálacha ó choistí
- Tuarascálacha Feidhmiúchta
- Ábhair fochoimeáda, agus
- Tuairiscí airgeadais/cuntais bainistíochta.

De réir coda 11 an Oird, ní mór do Bhoird na Gníomhaireachta Tithíochta gach cuntas cuí agus gnáth-chuntas airgid faighte agus caite a choimeád, ar bhealach atá faofa ag an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe, le comhthoil an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

De réir coda 25 Achta Athshlánaithe Piríte, 2013, ní mór don Ghníomhaireacht Tithíochta ráitis airgeadais a ullmhú go bliantúil agus iad a sheoladh chuig an Ard-reachtair agus Ard-Iniúcháir i gcomhair iniúchta. Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ní mór don Ghníomhaireacht Tithíochta:

- Polasaithe cuntasaiochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach
- Breithiúnas agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas mura cuí a mheas go leanfaidh sé in oibriúchán
- Caighdeáin cuntasaiochta leanta a lua nuair is gá, faoi réir aon imeachtaí nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Bíonn an Bord freagrach as a chinntiú go gcoimeádann nó go bhfaigheann an an Ghníomhaireacht Tithíochta coimeádaí cuí do thaifid cuntasaiochta a mhíniú i gceart agus a dhéanann taifid ar idirbheart na Gníomhaireachta Tithíochta, ar féidir leis sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus ioncaim agus caiteachas na Gníomhaireachta Tithíochta a fháil amach le cruinneas réasúnta, agus ar féidir leis an mBord a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir le Cuid 11(1) Oird Bhunaíochta, 2012 agus Cuid 25(1) Achta Athshlánaithe Piríte 2013.

Bíonn an Bord freagrach as cothabháil agus slánchúis an eolais airgeadais corparáidigh ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta.

Tá an Bord freagrach as faomhadh a thabhairt don Phlean Gnó bliantúil agus buiséad agus bhí sin déanta in 2019. Ar feadh 2019, rinne an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Tithíochta in aghaidh an Phlean Gnó trí thuarascálacha feidhmíochta míosúla ar go leor phríomh-réimsí béime, in éineacht le athbhreithniú an Choiste Straitéisigh ar fheidhmíocht ar bhonn ráithiúil in aghaidh an phlean gnó. Thug an Bord athbhreithniú freisin ar chuntais bainistíochta míosúla in aghaidh an bhuiséid bliantúil.

Bíonn an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin, bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois a chosc agus a bhrath, mar aon le neamhrialtachtaí eile.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta dearcadh fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta ag 31 Nollaig 2019.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta le Cathaoirleach, agus seachtar mball, gach duine acu ceaptha ag an Aire le freagracht as tithíocht. Casann baill an Bhoird le chéile ar bhonn míosúil.

Chuir an Bord tús le measúnú féin-mheasúnachta i Nollaig 2018 le Athbhreithniú Éifeachtachta agus Measúnaithe an Bhoird seachtraigh déanta in 2019, measta le bheith críochnaithe in Q1 2020.

Struchtúr an Bhoird

Ball an Bhoird	Eagraíocht	Téarma Ceapacháin
Michael Carey	Cathaoirleach	Ceaptha 27 Aibreáin 2018 go dtí 26 Aibreáin 2023
Donal McManus	Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta	Ceaptha Eanáir 2013 go dtí 31 Nollaig 2017 Athcheaptha 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2022
Mary Hurley	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	Ceaptha Deireadh Fómhair 2017 go dtí 31 Nollaig 2017 Athcheaptha 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2022
Tony O'Brien	Comhairleoir Bainistíochta	Ceaptha Iúil 2013 go dtí 31 Nollaig 2017 Athcheaptha 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2022
John Burke	An Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe	Ceaptha Bealtaine 2016 go dtí 31 Nollaig 2017 Athcheaptha 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2022
John O'Connor	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Gníomhaireacht Tithíochta	Ceaptha Eanáir 2013 go dtí 31 Nollaig 2017 Athcheaptha 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2022
Fiona Lawless	Comhairle Contae na Mí	Ceaptha Eanáir 2018 go dtí 31 Nollaig 2022
David Duffy	IBEC	Ceaptha Iúil 2019 go dtí 1 Iúil 2024
Conn Murray	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	Ceaptha 21 Samhna 2018 go dtí 1 Lúnasa 2019 (athshínte)
Frank Curran	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Mhantáin	Ceaptha 9 Mheán Fómhair 2019 go dtí 8 Mheán Fómhair 2024

Fochoistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord dhá choiste

- Coiste Iniúchta agus Riosca, agus
- Coiste Straitéiseach.

Comhdhéanann an Coiste Iniúchta agus Riosca trí bhall an Bhoird agus ball neamhspleách amháin. Is ról leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca (ARC) tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí

agus ceisteanna riosca, riail agus rialachais, agus ráthaíocht gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta.

Cinntíonn an Coiste, go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais riail inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tugann an ARC tuairisciú don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais in 2019 - Bord na Gníomhaireachta Tithíochta

Ball an Bhoird	Cruinnithe an bhoird le bheith freastalaith e (14 cruinniú)	Cruinnithe an bhoird freastalaithe	Iniúchadh agus Riosca (4 chruinniú)	Táillí 2019 €	Costais 2019 €
Michael Carey	14	14	N/A	-	-
Donal McManus*	14	11	4	-	-
David Duffy (ceaptha Iúil '19)	4	3	N/A	3,847.50	-
Frank Curran (ceaptha Nollaig 2019)	0	0	N/A	-	-
Mary Hurley*	14	11	N/A	-	-
Tony O'Brien	14	14	4	-	-
John Burke*	14	9	N/A	-	-
John O'Connor*	14	14	N/A	-	-
Fiona Lawless*	14	11	4	-	-
Conn Murray* (éirithe as Lúnasa 2019)	10	4	N/A	-	-
Caroline Gill (Ball ARC amháin)	0	0	4	-	-

*Ní bhfuair seisear bhall an Bhoird táille faoi réir Prionsabail Tuarastail Aon Duine Amháin (OPOS). Ní bhfuair baill eile an Bhoird táille. Costais ar chruinnithe an Bhoird don tréimhse ar iomlán €718.

Is iad baill an Choiste Iniúchta agus Riosca ná Tony O'Brien (Cathaoirleach), Donal McManus, Fiona Lawless, agus Caroline Gill. Bhí ceithre chruinniú ag an ARC in 2019. Níl aon táillí íoctha do bhaill an Choiste Iniúchta agus Riosca.

Bunaíodh an Coiste Straitéiseach i Meitheamh 2018 agus comhdhéanann sé seisear bhall an Bhoird agus beirt bhall foirne na Gníomhaireachta Tithíochta. Chas an Coiste Straitéiseach le chéile trí uair le linn 2019. Is iad baill an Choiste Straitéisigh ná Michael Carey (Cathaoirleach), John O'Connor, Mary Hurley, John Burke, Donal McManus, Tony O'Brien, David Silke agus Ciara Galvin.

Príomh-athruithe i bPearsanra

D'éirigh ball amháin an Bhoird as le linn dara bhliana a gceapacháin trí bhliana. I gcomhréir leis an Ordú Bunaíochta, 2012, cheap an Aire beirt bhall nua. Ceapadh David Duffy in Iúil 2019 i ndiaidh fógraíochta ar feadh na Seirbhíse Cheapacháin Poiblí. Bhí ceapachán Frank Curran faofa roimhe sin i Nollaig 2019, ag athchur Conn Murray.

Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit (2016)

Bíonn an Bord freagrach as a cinntiú gur chomhlíon an Gníomhaireacht Tithíochta le riachtanais Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit ("an Cód"), de réir foilsithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe a leanas riachtanacha de réir an Chóid:

Breacadh Síos ar Shochar

Gearrtréimhseacha na bhFostaithe Luaitear sochar na bhfostaithe a théann os cionn €60,000 sa tábla a leanas.

Sochar Gearrtréimhseacha na bhFostaithe

Tuarastal (€)	Líon na mball foirne 2019	Líon na mball foirne 2018
Faoi 60,000	57	41 ⁴
60,000-70,000	12	9
70,000-80,000	8	8
80,000-90,000	8	4
90,000-100,000	1	1
100,000-110,000	2	2
110,000-120,000	0	0
120,000-130,000	1	1

Costais Comhairleoireachta

Costais Comhairleoireachta (€)	2019	2018
Feabhsúchán gnó	22,176	194,978
Comhairle dlí	37,276	30,907
Comhairle Pinsin	30,233	7,319
Eile	47,360	19,565
Iomlán	137,045	252,796

“D’fhorbair an Ghníomhaireacht Tithíochta agus chuir sí i bhfeidhm sraith polasaithe agus nósanna imeachta ar feadh gach aonad gnó a chomhlánaíonn an GDPR.”

Costais Dlíthiúla agus Socraíochtaí

Ní raibh aon socraíochtaí íoctha sa tréimhse tuarascála.

Soláthraíonn reachtaíocht Bhoird Athshlánaithe Piríte (PRB) gur féidir leis an PRB costas iomlán nó páirteach a athshlánú ó aon pháirtí le dlíteanas, agus acmhainn, bainteach le áitreabh a athshlánú faoi réir na Scéime. Tá an PRB ag gníomhú, nuair is oiriúnach, chun tógáil agus/nó forbróirí a lorg le haghaidh ranníocaíochta i dtreo costais na n-oibreacha. Ós rud é go bhfuil an maoiniú Stáchtiste soláthraithe chun cuspóirí athshlánaithe piríte treoraithe tríd an nGníomhaíocht Thithíochta, íocadh táillí dlíthiúla ar luach €52,958.87 don Ghníomhaireacht Tithíochta in 2019 maidir leis na costais gearrtha ag an PRB thar ceann an triúir chosantóir maidir le cásanna faoi réir na straitéise comhaontaithe chun costais a athshlánú ó na páirtithe faoi dlíteanas.

Fáilteachas

Sa tréimhse tuarascála, bhí €4,365 caite maidir le fáilteachas, lena n-áirítear siamsaíocht. Bhí ar iomlán €9,107 caite ar chostais cheaintín le linn an tréimhse tuarascála.

Taisteal agus Maireachtáil (€)	2019	2018
Taisteal náisiúnta	110,948	85,433
Taisteal idirnáisiúnta	2,922	6,009

Tá sin curtha le costais riaracháin na hoifige mar chuid de chostais taistil foirne agus eile (Nóta 7). Ní raibh aon chaiteachas taistil nó maireachtála maidir le baill an Bhoird.

Ráiteas Comhréireachta

Ghlac an Bord Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit (2016). Chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhréireacht a chinntiú leis an gCód agus is féidir leis a dheimhniú go bhfuil sé i gcomhréir.

Coimhlint Leasa agus Eitic in Acht na hOifige Poiblí, 1995

D’fhorbair an Ghníomhaireacht Tithíochta Polasáí Coimhlinte Leasa in 2016, de réir is a thagann an eagraíocht laistigh scóipe an Achta Eitice in Oifig Phoiblí, 1995. Bhí sin corpraithe sa pholasáí ginearálta agus nós imeachta glactha chun Coimhlintí leasa a bhainistiú. I gcomhréir le Acht Eitice in Oifig Poiblí 1995, nuair is gá, chríochnaigh baill an Bhoird agus bainistíocht shinsearach ráitis leasa i gcomhréir le forálacha an Achta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm i gcomhair nochta leanúnaigh leasa ag baill an Bhoird.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tháinig an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi réir forálacha Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 (Achtá FOI, 2014), ar an 14 Aibreán 2015. Fuaireamar sé iarratas FOI in 2019. Tháinig ár Scéim Fhoilseacháin in éifeacht in 2016 agus tá sé ar fáil inár suíomh gréasáin. Ní raibh aon iarratas faighte in 2019 faoi réir rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an Timpeallacht (AIE).

Cosaint Sonraí agus GDPR

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tiomanta lenár n-oibleagáidí faoi réir Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus Achtanna um Chosaint Sonraí. Is rialaitheoir sonraí cláraithe í an eagraíocht agus próiseálaí sonraí faoi réir Achtanna um Chosaint Sonraí. Oibríonn sé i gcomhréir le Polasáí foirmiúil um Chosaint Sonraí. I ndiaidh forfheidhmithe an GDPR i mBealtaine 2018, lean an Ghníomhaireacht Tithíochta ag cur cosaint sonraí pearsanta in áit tosaíochta.

Tá an t-aistear comhréireachta bunaithe ar mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí agus tosaíochtaí. Leis sin, d’fhorbair an Ghníomhaireacht Tithíochta

agus chuir sí i bhfeidhm sraith polasaithe agus nósanna imeachta ar feadh gach aonad gnó a chomhlánaíonn an GDPR. I measc príomh-earraí eile i bhfeidhm ná ráitis príobháideachta na heagraíochta ar fáil

ar housingagency.ie, a thugann tuiscint d'úsáideoirí maidir le conas a úsáideann is cosnaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta sonraí. Tá fardal ar fáil ag an Ghníomhaireacht Tithíochta le mionsonraí maidir le saolré sonraí pearsanta (taifead ar phróiseáil). Tá oiliúint agus cumarsáidí criticiúla le cinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an gcultúr agus cleachtais cearta laistigh na heagraíochta. Leanann an Ghníomhaireacht Tithíochta ag cur athbhreithnithe agus feabhais ar a cleachtais chun na sonraí pearsanta a phróiseáil le h-úsáid a chosaint.

Comhionannas an Earnála Poiblí agus Dualgas Chearta Daonna

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi réir dualgais comhionannais an earnála poiblí agus cearta daonna. De réir an dualgais, is gá don Ghníomhaireacht Tithíochta aird a thabhairt ar an ngá chun idirdhealú a chosc, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint don fhoireann agus úsáideoirí na seirbhíse i gcur i bhfeidhm a feidhmeanna gnó. Táimid tiomanta le cinntiú go gcuirtear comhionannas agus cearta daonna san áireamh le haghaidh ár n-oibriúcháin laethúla.

Is plean leis an Ghníomhaireacht Tithíochta Straitéis HR a fhorbairt in 2020. Beidh dualgas comhionannais an earnála poiblí agus cearta daonna mar chuid lárnach de sin.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tiomanta chun dínit agus meas a chosaint ar feadh na heagraíochta agus cloíonn sí leis an bpolasaí Dínite san Obair, forbraithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

“Ordaíonn Acht Athshlánaithe Piríte 2013 don Ghníomhaireacht Tithíochta scéim athshlánaithe a dhéanamh thar ceann PRB. Is í an Ghníomhaireacht Tithíochta freisin é an comhlacht a sholáthraíonn feidhm fheidhmeannach don PRB trí mheán bainistíochta airgeadais agus acmhainní áirithe.”

in 2015. Is aidhm leis an bpolasaí meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas a chur chun cinn sa láthair oibre.

An tAcht um Nochtuithe Cosanta, 2014

De réir an Achta um Nochtuithe Cosanta, 2014, ní mór do gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choinneáil chun déileáil le nochtuithe cosanta agus faisnéis i scríbhinn a sholáthar maidir leis na nósanna imeachta sin. Tá na nósanna imeachta sin i bhfeidhm ag an Ghníomhaireacht Tithíochta. Le linn 2019, ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta ag fostaí na Ghníomhaireachta Tithíochta faoi réir téarmaí na reachtaíochta.

Cáin

Deimhníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta comhréireacht le dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil an Bord i gcomhréir lena oibleagáidí faoi réir dlíthe cánach agus déanann sé a dhícheall le cinntiú go n-íoctar dlíteanais cánach air nó roimh dhátaí éaga ábhartha.

Bord Athshlánaithe Piríte

Is é Bord Athshlánaithe Piríte (PRB) é an struchtúr rialaithe ar an Sceim Athshlánaithe Piríte agus tá sé neamhspleách ó Bhord na Ghníomhaireachta Tithíochta. Tá an PRB ceaptha ag an Aire le freagracht as tithíocht. Bunaíodh an PRB i ndiaidh tús ar an Acht Athshlánaithe Piríte 2013 ar an 10 Eanáir 2014 chun scéim a dhéanamh le haghaidh athshlánaithe don damáiste ar áitribh áirithe de bharr aistrithe piríte agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach a mhaoirsiú ar chlár oibreacha athshlánaithe d'áitribh a fuair tionchar. Tá cathaoirleach Jack Keyes i gceannas ar PRB i dteannta le feidhmeanna fheidhmeannacha á ndéanamh ag an Ard-Bhainisteoir, Aidan O'Connor.

Ordaíonn Acht Athshlánaithe Piríte 2013 don Ghníomhaireacht Tithíochta scéim athshlánaithe a dhéanamh thar ceann PRB. Is í an Ghníomhaireacht Tithíochta freisin é an comhlacht a sholáthraíonn feidhm fheidhmeannach don PRB trí bhainistíocht airgeadais agus acmhainní áirithe. Tá freagracht ag an Ghníomhaireacht Tithíochta as Scéim Athshlánaithe Piríte a chur i bhfeidhm.

Ballraíocht agus Táillí an Bhoird

Ball an Bhoird (€)	Táillí 2019 (€)	Costais 2019 (€)
Jack Keyes	8,978.00	4,898.25
Caroline Gill	2,000.00	-
Alec Flood	-	-
Sean Balfe*	-	-
Derek Sinnott*	-	2,777.39

*Ní bhfuair beirt bhall an Bhoird táille faoi réir Prionsabail Tuarastail Aon Duine Amháin (OPOS).

Faoin Acht Athshlánaithe Piríte 2013, is dualgas leis an PRB tuarascáil bhliantúil a sheoladh chuig an Aire roimh an 30ú Mheithimh gach bliain, ag lua feidhmíochta ar a fheidhmeanna faoi réir an Achta. Tá gnéithe airgeadais An PRB go foirmiúil laistigh ráitis airgeadais bliantúla na Gníomhaireachta Thithíochta.

Ráitis Airgeadais

Teastas Iniúchta



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuairim na Gníomhaireachta Phobail Inbhuanaithe agus Tithíochta ar na Ráitis Airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais ag an nGníomhaireacht Phobail Inbhuanaithe agus Tithíochta don bhliain dár gcríoch 31 Nollag 2019 de réir riachtanach faoi pharagraf 11 Ordaithe na Gníomhaireachta Pobail Inbhuanaithe agus Tithíochta (Bunaíocht) 2012 agus Cuid 25 an Achta Athshlánaithe Piríte 2013.

Comhdhéanann na ráitis airgeadais

- An ráiteas ioncaim agus caiteachais
- An ráiteas ioncaim cuimsithigh eile
- An ráiteas ar staid airgeadais
- An ráiteas athruithe i gcaipitil agus cúlchistí
- An ráiteas sreabhaidh airgid agus
- Na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasaiochta ábhartha.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cóir ar na sócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2019 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe ar an UK agus Poblacht na hÉireann.

Bunús don Tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAs) de réir fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchta Uachtaraigh. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi réir na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón nGníomhaireacht agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidimid gur leor é an fianaise iniúchta a bhfuairamar agus gur cuí é chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil ar Fhaisnéis Nach mBaineann leis na Ráitis Airgeadais, agus ar Ábhair Eile

Léirigh an Ghníomhaireacht faisnéis áirithe eile in éineacht leis na ráitis airgeadais. Comhdhéanann sé sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil bhaill an Bhoird agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí maidir leis an bhfaisnéis sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu de réir éisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis an ábhar sin.

Seamus McCarthy
Ard-reachtair agus Ard-
Iniúcháir 2 Nollag 2020

Aguisín leis an Tuarascáil

Freagrachtaí bhaill an Bhoird

De réir mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus tuarascáil bhaill an Bhoird, tá baill an Bhoird freagrach as

- Ullmhúchán na ráiteas airgeadais san fhoirm ordaithe faoi pharagraf 11 Ordaithe na Gníomhaireachta Pobail Inbhuanaithe agus Tithíochta (Bunaíocht) 2012 agus Cuid 25 Achta Athshlánaithe Piríte 2013.
- Cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- Rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- Measúnú an bhfuil úsáid gnóthais leantaigh cuí mar bhunús cuntasáiochta, agus
- Aon rialuithe inmheánacha de réir riachtanais chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, i ngeall ar chalaos nó botún.

Tuarascáil an Ard-reachtaire agus Ard-iniúchóra

Iarrtar orm faoi réir paragraif 11 Oird na Gníomhaireachta Pobail Inbhuanaithe agus Tithíochta (Bunaíocht) 2012 agus Cuid 25 Achta Athshlánaithe Piríte 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta chun tuairisciú air sin chuig Tithe an Oireachtais.

Is aidhm dom, le linn an iniúchadh seo a dhéanamh, ráthaíocht réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais go hiomlán saor ó mhíríteas ábhartha i ngeall ar chalaos nó botún. Is ionann ráthaíocht réasúnta agus ardleibhéal ráthaíochta, ach ní barántas é sin go mbraithfidh iniúchadh a rinneadh i gcomhréir leis na ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Is féidir le míráitis eascrú ó chalaos nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábharach más féidir leo, go haonair nó le chéile, tionchar féideartha a imirt ar chinntí na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISA, agus i gcleachta breithiúnais ghairmiúil, coinním sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Lena dhéanamh sin,

- Aithním agus tugaim measúnú ar na rioscaí míráitis ábhartha ar na ráitis airgeadais, i ngeall ar chalaos nó botún; déanaim dearadh agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta freagracha do na rioscaí sin; agus

faighim fianaise iniúchta ar leor é agus atá oiriúnach chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Bíonn riosca níos airde nach mbeidh míráiteas ábhartha aimsithe a d'eascraigh ó chalaos ná botún, toisc gur féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, míléirithe, nó sárú rialuithe inmheánacha bheith i gceist le calaos.

- Tuigim rialú inmheánach ar bhealach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach gan a bheith chun cuspóirí tuairim a léiriú maidir le éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Tugaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta in úsáid agus réasúnacht na meastachán cuntasáiochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Tugaim conclúidí maidir le oiriúnacht na húsáide gnóthais leantaigh cuntasáiochta agus, bunaithe ar an iniúchadh agus fianaise faighte, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann d'eachtraí nó coinníollacha ar féidir leo amhras suntasach a chur maidir le cumas na Gníomhaireachta chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má thugaim conclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, iarrtar orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchta faighte suas go dtí dáta mo thuarascála. In ainneoin sin, d'fhéadfadh eachtraí nó coinníollacha sa toadhchál a bheith mar chúis leis an nGníomhaireacht scoir de bheith ina ghnóthas leantach.
- Thug mé measúnú ar léiriú, struchtúr agus inneachar ginearálta na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus an léiríonn na ráitis airgeadais aon idirbhirt agus eachtraí ar bhealach a bhaineann léiriú cóir amach.

Téim i gcumarsáid leis na daoine freagrach as rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip phleanáilte agus am an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh suntasacha i rialú inmheánach a aithnímh le linn m'iniúchta.

Faisnéis nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chlédaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile léirithe leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon saghas conclúide ráthaíochta ó shin ann.

I gceangal le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, iarrtar orm faoi réir na ISAs an fhaisnéis eile curtha ar fáil a léamh agus, leis sin,

Cinneadh an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas faighte le linn an iniúchta, nó má bhíonn cuma ar an scéal ar shlí eile go bhfuil sé mí-ráite ar bhealach ábharach. Má thugaim conclúid, bunaithe ar an obair déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ar aon eolas eile sin, is gá dom an fíric sin a thuairisciú.


Tuairisciú ar Ábhair Eile

Rinneadh m'iniúchadh le tagairt ar bhreithniúcháin speisialta a cheanglaíonn le comhlachtaí an Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibriúchán. Déanaim tuairisciú má aithním ábhair a bhaineann leis an mbealach a raibh gnó poiblí déanta.

Is aidhm liom fianaise a lorg maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisciú má aithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí in úsáid chun na cuspóirí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhirt i gcomhréir leis na údaráis a rialaíonn iad.

Tugaim tuairisciú de réir éisceachta freisin mura bhfuair mé, i mo thuairim,

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus míniúcháin go léir a theastaigh uaim don iniúchadh, nó
- Mura leor na taifid cuntasáíochta chun a cheadú do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta ar bhealach réidh agus cúí, nó
- Mura bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid cuntasáíochta.



Ráiteas um Rialú Inmheánach 2019

Tá an Ráiteas um Rialú Inmheánach i gcomhréir le riachtanas soláthraithe faoi Chuid 2 (2.7) Ról an Chathaoirligh laistigh Chód Cleachtas chun Rialachais Comhlachtaí an Stáit (2016). Beidh an Ráiteas seo um Rialú Inmheánach curtha le Tuarascáil na Gníomhaireachta Tithíochta do 2019.

Scóip na Freagrachta

Thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta, aithním freagracht an Bhoird chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach á choinneáil agus á oibriú le haghaidh rialaithe inmheánaigh. Tugann an freagracht seo cuntas ar na riachtanais le haghaidh Cód Cleachta do Rialachas Comhlachtaí an Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a aithint agus a bhainistiú go leibhéal infhulaingte, seachas é a dhíbirt go hiomlán. Is féidir leis an gcóras, mar sin, barántas réasúnach amháin, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go bhfuil na sóchmhainní ar cosaint, idirbhirt údraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar botúin ábhartha nó neamhréireachtaí a chosc nó a bhraith ar bhonn tráthúla.

Tá an córas um rialú inmheánach, a chinneann rialachas eisithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm ag an Ghníomhaireacht Tithíochta don bhliain dár gcríoch 31 Nollag 2019 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

“Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a aithint agus a bhainistiú go leibhéal infhulaingte, seachas é a dhíbirt go hiomlán.”

Acmhainn chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag an Ghníomhaireacht Tithíochta, a chuimsíonn trí bhall an Bhoird agus ball seachtrach eile a bhfuil saineolas airgeadais ábhartha agus iniúchta aige, ceann dóibh ná an Cathaoirleach. Bhí ceithre chruinniú ag an ARC i 2019.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta freisin feidhm iniúchta inmheánaigh a bhfuil acmhainní cuí aici agus a dhéanann clár oibre comhaontaithe leis an ARC.

Ghlac an Bord Polasaí Bainistíochta ar Rioscaí a leagann amach a mhianta i leith rioscaí; na struchtúir agus próisis bainistíochta rioscaí curtha ar fáil agus mionsonraí ar ról agus freagrachtaí an Fheidhmeannaigh maidir le riosca. Bíonn an polasaí eisithe go gach ball foirne a theastaíonn chun oibriú laistigh polasaithe bainistíochta ar rioscaí na Gníomhaireachta Tithíochta. Déantar athbhreithnithe agus nuashonruithe go rialta chun fógra a thabhairt don bhainistíocht maidir le rioscaí atá ag teacht agus aon riachtanais do rialuithe breise. Glacann an fhoireann freagracht as na rioscaí agus rialuithe laistigh a limistéir oibre féin. Déantar athbhreithniú bliantúil ar an bPolasaí Bainistíochta ar Rioscaí ag an ARC.

Creat Rialaithe agus Riosca

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Ghníomhaireacht Tithíochta a aithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí, agus glacann an bhainistíocht beartais chun na rioscaí sin a shárú agus, chomh mór agus is féidir, a mhaolú.

Tá Taifead ar Rioscaí i bhfeidhm chun na rioscaí a aithint atá roimh an nGníomhaireacht agus mar sin tugtar measúnú orthu agus

bíonn siad aicmithe de réir a gcuid sainbhrí. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an taifead ag ARC de réir is a athraíonn rioscaí agus ar a laghad ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnaithe sin chun acmhainní a phleanáil agus leithdháileadh le cinntiú go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Tugann an Taifead Rioscaí mionshonraí ar na rialuithe agus beartais ag teastáil chun rioscaí a mhaolú agus sanann sé freagracht maidir le hoibriúchán agus rialú sannta chuig foireann sonraithe.

Deimhním go bhfuil córas i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí a leanas:

- Bhí nósanna imeachta doiciméidithe ar gach gnáthamh ghnó tábhachtach
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht cuí
- Ábhair ar leataobh sonraithe i gcomhair cinnte an Bhoird
- Tá córas buiséidithe cuí le buiséad bliantúil á choinneáil faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach (agus an Bord)
- Tá córais a bhaineann le slándáil a chinntiú sna córais teicneolaíochta chumarsáide agus faisnéise.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh gnáthaimh foirmiúla chun monatóireachta ar phróisis rialaithe agus déantar cumarsáid maidir le fabhtanna rialaithe chucu sin freagrach as beartais ceartaithe a ghlacadh agus chuig bainistíocht agus an Bord, más cuí, ar bhonn tráthúla. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha a leanas i bhfeidhm:

- Deimhnímid gur aithníodh príomh-rioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis in áit chun monatóireachta ar oibriúchán na rialuithe sin agus aon fhabht aitheanta a thuairisciú,
- Rinneadh beartais tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Athbhreithnithe ad hoc go rialta ag an Iníúchadh Inmheánach chun comhréireacht a chinntiú le nósanna imeachta
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta agus tuairiscí bhliantúla a thaispeánann feidhmíocht agus cúrsaí airgeadais i gcomparáid le buiséidí/réamhaisnéisí.

D'aithin tuarascálacha déanta ag an Iníúchadh Inmheánach in 2019 laigeacht shuntasach i rialuithe bainteach le teicneolaíocht fhaisnéise. D'aithin iníúchadh inmheánach críochnaithe in 2019 ceist maidir le

Rialachas ICT agus socrúcháin maoirseachta ag an Ghníomhaireacht Tithíochta, go sonrach easpa straitéise ICT agus cur chuige comhleanúnach ar Chur i bhfeidhm tionscadail ICT. Ó shin, chuig an Ghníomhaireacht Tithíochta céimeanna cuí i bhfeidhm chun leigheas a thabhairt do na laigeachtaí sin agus ní ghlactar leis gur ábhar buairte iad níos mó.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta in áit ag an Ghníomhaireacht Tithíochta chun monatóireachta ar éifeachtacht na bainistíochta riosca agus gnáthaimh rialaithe. Faigheann athbhreithniú agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais na Ghníomhaireachta Tithíochta comhairle ó obair na n-iníúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iníúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bainistíocht shinsearach laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Ghníomhaireacht Tithíochta chun comhréireacht a chinntiú le rialacha agus treoirínte soláthair poiblí. Cuirtear béim ar ábhair a eascraíonn maidir le rialuithe i ngeall ar sholáthar faoi réir na ceisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialaithe inmheánacha do 2019.

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh

D'aithin an Ráiteas um Rialú Inmheánach do 2017 agus arís in 2018 caiteachas gearrtha maidir le earraí agus seirbhísí, nár chomhlíon na nósanna imeachta leis na treoirínte soláthair. I ngeall ar nádúr soláthair seirbhísí, rinneadh amhlaidh go dtí 2019.

Maidir le 2019, ba é €390,082 an caiteachas iomlán gearrtha maidir le seirbhísí nuair nár chomhlíon nósanna imeachta treoirínte soláthair. Bhí na seirbhísí fostaithe bainteach le seirbhísí dlíthiúla, agus

seirbhísí slándála agus láimhseála tábhachtacha. As an gcostas €390,082, bhain €301,144 le conarthaí stairiúla faoi réir an Chláir Ceannacháin tugtha ar aghaidh ó 2017 agus 2018.

Maidir leis na Seirbhísí Dlíthiúla, de réir luaite i dTuarascáil Bhliantúil 2017 agus 2018, d'aithin an Ghníomhaireacht gá chun seirbhísí tíolachta a chur ar siúil i lár 2015. Bhí sin ag teastáil chun aonaid maoine a cheannach le úsáid mar thithíocht shóisialta, a bheadh ceannaithe go díreach ag údarás áitiúla nó ag an nGníomhaireacht i gcomhair athdhíola do Chomhlachtaí Tithíochta Faofa (AHB). Rinne an Ghníomhaireacht idirbheartaíocht le Oifig Sholáthair an Rialtais (OGP) maidir leis sin, agus deimhníodh go raibh an OGP ag bunú creata seirbhísí dlíthiúla. Dheimhnigh an Ghníomhaireacht go mbeadh sí á úsáid i ndiaidh a bhunaíochta. D'ainneoin sin, áfach, níor bunaíodh an creat nuair a d'iarr an Ghníomhaireacht na seirbhísí agus ní raibh sé curtha ar fáil go dtí Nollaig 2016. Mar bheart sealadach, rinne an Ghníomhaireacht próiseas tairisceana teoranta beartaithe le bheith mar bheart sealadach ach úsáideadh é sin ag brath ar infhaighteacht an chreata OGP.

Ó shin, sholáthair an Ghníomhaireacht seirbhísí dlíthiúla ón gcreat OGP. Rinneadh conarthaí sular éirigh an painéal OGP ar fáil agus bhí caiteachas Ar €301,144 le dhá chomhlacht dlí curtha ar aghaidh go dtí 2019. Inár dTuarascáil Bhliantúil do 2016, luamar ag deireadh na bliana sin, go raibh tairiscintí ag an nGníomhaireacht a bhí faofa ar 288 áitreabh, ach ní raibh ach 29 de na ceannacháin sin críochnaithe. Chomh maith leis, bhí tairiscintí gan íoc ag an am sin ar 106 áitreabh eile. Baineann an tabhairt ar aghaidh costais dlí i 2017, 2018 agus 2019 le críochnú na gceannachán sin agus diúscairt ar aghaidh na AHB sin.

Ar deireadh, bhí seirbhísí slándála agus láimhseála tábhachtacha ag teastáil chun aonaid maoine a bhainistiú le linn a bheith ag feitheamh ar chomhaontú leis an AHB chun comhaontú cúramora a shíniú roimh an ndíolachán deiridh leis na AHB, bhí na costais gearrtha in 2019 ar iomlán €88,938. Leanfaidh an tseirbhís seo in 2020 agus aithníodh é mar thosaíocht faoi réir phlean soláthair le críochnú roimh dheireadh Q1 2020.

Maidir le gach feabhsuithe ar sholáthar laistigh na Ghníomhaireachta, glacadh na céimeanna a leanas chun na earraí sin a réiteach agus comhréireacht níos mó a chinntiú le treoirlínte soláthair:

- Bhí Plean Soláthair Corparáideach dréachtaithe le plean soláthair oibríúcháin bliantúil san áireamh. Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta nuashonrú ar gach polasaí agus níos imeachta soláthair i gcomhréir le treoraíocht le déanaí ón Roinn Airgeadais
- Ina dhiaidh sin, rinneadh oiliúint fhoirne chun feabhas a chur ar thuiscint agus feasacht ar riachtanais soláthair ar fud An Ghníomhaireacht Tithíochta
- Tá Teimpléid Caighdeánacha lárraithe do gach céim na bpróiseas soláthair
- D'aithin an Ghníomhaireacht an gá i gcomhair róil lán-aimseartha chun díriú ar sholáthar corparáideach laistigh na Ghníomhaireachta, atá i bhfeidhm anois.



Michael Carey
Cathaoirleach

24 Samhain 2020

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dár gCríoch 31 Nollag 2019


	Nótaí	2019 €	2018 €
Ioncam			
Oibriúchán na Gníomhaireachta Tithíochta	4(a)	9,754,424	9,365,787
Scéim Athshlánaithe Piríte	4(b)	30,354,716	30,370,752
Ceannacháin - ciste imrothlach	4(c)	29,531,092	53,245,965
Ceannacháin - costais na n-údarás áitiúla forchúitithe	4(d)	1,960,874	626,206
Glan-ús sochair ar scor - NBA	13	40,000	11,000
Ioncaim iomlán		71,641,106	93,619,710
Caiteachas			
Oibriúchán na Gníomhaireachta Tithíochta	5(a)	9,583,152	8,163,212
Scéim Athshlánaithe Piríte	5(b)	31,058,028	30,042,442
Ceannacháin - ciste imrothlach	5(c)	31,079,313	54,743,450
Ceannacháin - costais na n-údarás áitiúla gearrtha	5(c)	1,856,727	317,683
Caiteachas iomlán		73,577,220	93,266,787
Farasbarr/(easnamh) don bhliain		(1,936,114)	352,923

Comhdhéanann nótaí 1 go dtí 19 cuid de na ráitis airgeadais sin. Bhí na ráitis airgeadais faofa ag an mbord ar an 24 Samhain 2020 agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:



Michael Carey
Cathaoirleach

24 Samhain 2020



John O' Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Samhain 2020

Ráiteas Ioncaim Cuimsithigh Eile

Don Bhliain dár gCríoch 31 Nollag 2019

	Nótaí	2019 €	2018 €
Farasbarr/(easnamh) don bhliain anailísithe mar:			
Oibriúchán na Gníomhaireachta Tithíochta		171,272	1,202,575
Scéim Athshlánaithe Piríte		(703,312)	328,310
Ceannacháin - ciste imrothlach		(1,548,221)	(1,497,485)
Ceannacháin - costais na n-údarás áitiúla glan		104,147	308,523
Costais sochair ar scor - NBA		40,000	11,000
		(1,936,114)	352,923
Ioncam cuimsitheach eile			
Oibriúchán na Gníomhaireachta Tithíochta			
Farasbarr don bhliain		171,272	1,202,575
Gnóthú / (caillteanas) ar chúlchistí athluachála talún	9.2	(3,419,794)	55,069,272
Gnóthú/(caillteanas) achtúireach aoisliúntais agus scéime SPS ar dhliteanais sochair ar scor	13.1	(2,962,000)	614,000
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha	13.1	2,962,000	(614,000)
Ioncaim cuimsitheach oibriúcháin HA / (easnamh)		(3,248,522)	56,271,847
Ioncam cuimsitheach na Scéime Athshlánaithe Piríte / (easnamh)		(703,312)	328,310
Ceannacháin - ioncam cuimsitheach ó chiste imrothlach / (easnamh)		(1,548,221)	(1,497,485)

Ráiteas Ioncaim Cuimsithigh Eile (ar lean)

Don Bhliain dár gCríoch 31 Nollag 2019


	Nótaí	2019 €	2018 €
Ceannacháin - maidir le ioncam cuimsitheach chostais d'údarás áitiúil / (easnamh)		104,147	308,523
Sochair ar scor			
Farasbarr scéime NBA / (easnamh)		40,000	11,000
Athrú scéime NBA i dtoimhdí achtúireacha	13.2	(377,000)	369,000
Gnóthuithe / (cailteanais) eispéiris na scéime NBA	13.2	282,000	30,000
Fáltas NBA ar shócmhainní an phleain (lúide ús)	13.2	1,525,000	(445,000)
Ioncam sochair ar scor / (easnamh)		1,470,000	(35,000)
Ioncam/(easnamh) cuimsitheach iomlán don bhliain		(3,925,908)	55,376,195

Comhdhéanann nótaí 1 go dtí 19 cuid de na ráitis airgeadais sin. Bhí na ráitis airgeadais faofa ag an mbord ar an 24 Samhain 2020 agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:



Michael Carey
Cathaoirleach

24 Samhain 2020



John O' Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Samhain 2020

Ráiteas ar Staid Airgeadais

Don Bhliain dár gCríoch 31 Nollag 2019


	Nótaí	€	2019 €	€	2018 €
Sócmhainní Neamhreatha					
Sócmhainní sheasta inbhraite	9		57,825,192		61,415,817
Sócmhainní Reatha					
Ceannacháin tithíochta - taiscí agus stoc tithíochta i gcomhair athdhíola	5	55,335,448		60,732,431	
Infhála	10	989,568		560,013	
Bainc agus airgead	11	<u>23,362,311</u>		<u>40,528,012</u>	
		79,687,327		101,820,456	
Dlíteanais reatha					
Iníochta	12	<u>(5,618,775)</u>		<u>(25,946,621)</u>	
Glansócmhainní Reatha			<u>74,068,552</u>		<u>75,873,835</u>
Sócmhainní iomlán lúide dlíteanais reatha roimh shochair ar scor					
			131,893,744		137,289,652
Sócmhainn sochair ar scor NBA	13.2	13,731,000		12,312,000	
Dlíteanas sochair ar scor NBA	13.2	(7,878,000)		(7,929,000)	
Maoiniú sochair ar scor iarchurtha	13.1	14,655,000		10,527,000	
Dlíteanais sochair ar scor	13.1	<u>(14,655,000)</u>		<u>(10,527,000)</u>	
			5,853,000		4,383,000
Glansócmhainní					
			137,746,744		141,672,652

Ráiteas ar Staid Airgeadais (ar lean)

Don Bhliain dár gCríoch 31 Nollag 2019


	Nótaí	€	2019 €	€	2018 €
Caipiteal agus cúlchistí					
Ceannacháin - cúlchistí imrothlacha	SOCCR		69,392,977		70,941,198
Ceannacháin - cúlchistí na n-údarás áitiúla	SOCCR		(10,811)		(114,958)
Cúlchistí oibriúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta	SOCCR		62,064,419		65,312,941
Cúlchistí piríte	SOCCR		447,159		1,150,471
Cúlchistí sochair ar scor NBA	SOCCR		5,853,000		4,383,000
lomlán caipitil agus cúlchistí			137,746,744		141,672,652

Comhdhéanann nótaí 1 go dtí 19 cuid de na ráitis airgeadais sin. Bhí na ráitis airgeadais faofa ag an mbord ar an 24 Samhain 2020 agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:



Michael Carey
Cathaoirleach

24 Samhain 2020



John O' Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Samhain 2020

Ráiteas ar Athruithe i gCaipiteal agus Cúlchistí

Don Bhliain dár gCríoch 31 Nollag 2019

Cúlchistí oibriúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta	Cúlchistí oibriúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta			
	Cúlchiste caipitil €	Cúlchistí ioncaim €	Cúlchiste athluachála talún €	Iomlán €
Ag 1ú Eanáir 2019	6,849,373	3,394,296	55,069,272	65,312,941
Farasbarr / (easnamh) don bhliain	-	(3,248,522)	-	(3,248,522)
Aistriúchán go dtí loncam	(135,831)	135,831	-	-
Aistriú chuig cúlchiste athluachála**	-	3,419,794	(3,419,794)	-
Ag 31ú Nollag 2019	6,713,542	3,701,399	51,649,478	62,064,419
Ag 1ú Eanáir 2018	6,987,683	2,551,244	-	9,538,927
Farasbarr / (easnamh) don bhliain	-	56,271,847	-	56,271,847
Aistriúchán go dtí loncam	(138,310)	138,310	-	-
Aistriú chuig cúlchiste ceannacháin	-	(497,833)	-	(497,833)
Aistriú chuig cúlchiste athluachála**	-	(55,069,272)	55,069,272	-
Iarmhéid aistrithe sochair ar scor NBA	-	-	-	-
Ag 31ú Nollag 2018*	6,849,373	3,394,296	55,069,272	65,312,941

**Féach nóta 9.2 i gcomhair a thuilleadh mionsonraí maidir leis an gcúlchiste athluachála talún.


Ciste imrothlach cúlchistí €	Ceannacháin piríte cúlchistí €	Ceannacháin údarás áitiúil cúlchistí €	ar scor NBA Cúlchiste sochair €	Iomlán €
1,150,471	70,941,198	(114,958)	4,383,000	141,672,652
(703,312)	(1,548,221)	104,147	1,470,000	(3,925,908)
-	-	-	-	-
-	-	-	-	-
447,159	69,392,977	(10,811)	5,853,000	137,746,744
822,161	71,940,850	(423,481)	-	81,878,457
328,310	(1,497,485)	308,523	(35,000)	55,376,195
-	-	-	-	-
-	497,833	-	-	-
-	-	-	-	-
-	-	-	4,418,000	4,418,000
1,150,471	70,941,198	(114,958)	4,383,000	141,672,652

Comhdhéanann nótaí 1 go dtí 19 cuid de na ráitis airgeadais sin. Bhí na ráitis airgeadais faofa ag an mbord ar an 24 Samhain 2020 agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:



Michael Carey
Cathaoirleach

24 Samhain 2020



John O' Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Samhain 2020


Ráiteas Sreabhaidh Airgid

Don Bhliain dár gCríoch 31 Nollag 2019

	2019 €	2018 €
Réiteach gluaiseachta glan don bhliain chuig insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Ioncam/ (easnamh) cuimsitheach iomlán don bhliain	(3,925,908)	55,376,195
Dímheas	145,692	159,057
Athluacháil ar thalamh coinneáilte	3,419,794	(55,069,272)
Aistriú (ó) / go dtí cúlchiste sochair ar scor NBA	(1,470,000)	35,000
Ús taisce	(63)	(91)
Laghdú i stoic agus taiscí	5,396,983	4,021,598
(Ardú) / laghdú in infhála	(429,555)	186,850
Ardú / (laghdú) in iníochtaí	(20,327,846)	21,001,992
(Gnóthú) / cailteanas ar dhíolacháin talún	(9,000)	2
Glanairgead (ionsúite) / ginte ag gníomhaíochtaí oibriúcháin	(17,199,903)	25,711,331
Ráiteas ar sreabhadh airgid		
Sreabhadh isteach / (amach) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(17,199,903)	25,711,331
Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ceannachán sócmhainní sheasta inbhraite	(9,861)	(20,747)
Díolachán suímh chomhshuimithe talún	44,000	-
Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		
Ús taisce faighte	63	91
Ardú / (laghdú) in airgead	(17,165,701)	25,690,675


	2019 €	2018 €
Réiteach ar shreabhadh airgid glan go gluaiseachtaí i gcistí glan		
Cistí glan ag 1 Eanáir 2019	40,528,012	14,837,337
Cistí glan ag 31 Nollag 2019	23,362,311	40,528,012
Ardú / (laghdú) in airgead	(17,165,701)	25,690,675

Comhdhéanann nótaí 1 go dtí 19 cuid de na ráitis airgeadais sin. Bhí na ráitis airgeadais faofa ag an mbord ar an 24 Samhain 2020 agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:



Michael Carey
Cathaoirleach

24 Samhain 2020



John O' Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Samhain 2020

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dár gCríoch 31 Nollag 2019

1 Polasaithe Cuntasaíochta

Tá bunús cuntasaíochta agus polasaithe cuntasaíochta suntasacha glactha ag an nGníomhaireacht leagtha amach thíos. Bhí siad ar fad curtha i bhfeidhm go leanúnach le linn na bliana agus i gcomhair na bliana roimhe.

Eolas Ginearálta

1.1 Bunaíocht na Gníomhaireachta Tithíochta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Tithíochta ar bhonn reachtúil ar an 1 Lúnasa 2012 faoi Ordú (Bunaíochta) na Gníomhaireachta Pobail Inbhuanaithe agus Tithíochta 2012. Is mar a leanas feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- Seirbhísí roinnte agus lárnach; seirbhísí taighde, comhairleacha, faisnéise agus oiliúna, seirbhísí comhairleoireachta, teicniúla agus pleanála straitéiseach, seirbhísí soláthair agus gníomhaireachta
- De réir iarratais an Aire, ullmhúchán, coinneáil, bainistíocht agus foilseachán innéacs maoinne cónaithe, lena n-áirítear innéacs maidir le díolachán tithíochta chónaithe agus cíosa maoinne cónaithe;
- Socrúchán, comhordú agus foráil athnuachana sóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear forbairt agus feabhsúchán talún agus infreastruchtúir; agus
- Comhordú, agus cuidiú le réiteach do cheisteanna a bhaineann le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe.

D'oibrigh an Ghníomhaireacht Tithíochta trí Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd) ag brath ar a bunaíocht ar bhonn reachtúil. Bhí sócmhainní agus dliteanais HSC Limited aistrithe chuig an Ghníomhaireacht Tithíochta in 2013. Áirítear leis na sócmhainní aistrithe talaimh forbartha agus talaimh coinneáilte faoi Scéim Chomhbhailiúcháin Talún (Nóta 9).

Feidhmeanna Bhreise

An Bord Athshlánaithe Piríte - bunaíodh an Bord seo ar an 10 Eanáir 2014 faoi réir an Achta Athshlánaithe Piríte 2013. Príomh-fheidhmeanna na scéime ná scéim a dhéanamh i gcomhair athshlánaithe piríte agus an scéim a chur i bhfeidhm is a mhaoirsiú. Faoi réir an Achta, is ról leis an Ghníomhaireacht Tithíochta an scéim a riaradh agus íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an Bhoird Athshlánaithe Piríte. Aithníonn na ráitis airgeadais sin maoiniú faighte ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus caiteachas gearrtha maidir le athshlánú piríte.

Oifig Rialaithe do Chomhlachtaí Tithíochta Faofa - Bhí Acht Tithíochta (Rialachán ar Chomhlachtaí Tithíochta Faofa) 2019 sínithe isteach sa dlí ar an 23 Nollaig 2019. Ceadóidh sé sin bunaíocht an Údarais Rialála Chomhlachtaí Tithíochta Faofa. Tabharfaidh an ghluaiseacht ó Chreat Rialála Deonach go dtí Creat Reachtúil rátháíochtaí do thionóntaí, infheisteoirí, don Rialtas agus don earnáil féin go n-oibríonn AHB i dtimpeallacht dea-rialaithe agus seasmhach.

Cuidiú le údarais áitiúla i gceannachán tithíochta - ó lúil 2015 Ceannaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta freisin tithe ó leachtaitheoirí/faighteoirí thar ceann na n-údarás áitiúla. Ní leis an nGníomhaireacht an stoc coinneáilte. Cuirtear iarmhéid deiridh na gcistí faighte faoi réir iníochtaí sa Ráiteas ar Staid Airgeadais. Féach Nóta 5 agus polasáí cuntasaíochta 1.15.

An Ghníomhaireacht Thógála Náisiúnta - D'oibrigh an Ghníomhaireacht Thógála Náisiúnta (NBA) scéim phinsin sochair sonraithe maoinithe. De réir treoracha an Aire Thithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ceapadh an Ghníomhaireacht Tithíochta mar phríomh-fhostóir na scéime pinsin NBA le éifeacht ó 1 Dheireadh Fómhair 2018.

Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine

In 2016 tugadh tasc don Ghníomhaireacht chun idirbheartú le bainc, infheisteoirí agus úinéirí féideartha eile le portfolio maoinne iolracha ar bhonn náisiúnta trí mheán deontais imrothlach €76 milliún, agus na ionaid maoinne sin a dhíol go comhlachtaí tithíochta agus údaráis áitiúla. Is mian leis an nGníomhaireacht gan bhrabús nó caillteanas a dhéanamh ar na idirbhirt sin Gearrtar costais áirithe ag an nGníomhaireacht in aghaidh an deontais. Féach Nóta 5 polasaí cuntasáíochta 1.7.

1.2 Ráiteas Comhréireachta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sin don Ghníomhaireacht don bhliain dár gcríoch 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe san UK agus Poblacht na hÉireann eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

1.3 Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhmithe in Éirinn agus Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit. Tá na ráitis i bhfoirm faofa ag an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe, agus ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS102, teastaíonn meastacháin cuntasáíochta criticiúla áirithe. Is gá don bhainistíocht freisin breithiúnas a dhéanamh chun na polasaithe cuntasáíochta a chur i bhfeidhm.

1.4 Gnóthas Leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leanúnaigh.

1.5 Polasaí Ioncaim

Léiríonn ioncam deontais ón Roinn Thithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, táillí, ioncam cíosa agus forchúitimh eile a úsáidtear chun maoiniú a thabhairt do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta agus í ag tabhairt cúnaimh don Roinn agus údaráis áitiúla polasaí tithíochta a chur i bhfeidhm. Aithnítear Ioncam Deontais faighte chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú ar bhonn fála airgid.

Seolann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniú ar aghaidh chuig an Ghníomhaireacht Tithíochta do chostais gearrtha aici maidir leis an Scéim Athshlánaithe Piríte. Aithnítear ioncam sna Ráitis Airgeadais nuair a fhaightear é ón Roinn.

Baineann Ioncam Eile le ioncam táille, forchúiteamh costais agus Sochair ar scor NBA. Aithnítear ioncam nuair a sheoltar sonrasc chuig an eagraíocht ábhartha.

1.6 Sócmhainní Sheasta Inbhraite

Cuirtear tús le sócmhainní sheasta inbhraite ag costas lúide dímheas carntha. Áirítear le costas gach costas a bhaineann go díreach leis an sócmhainn a chur i dea-staid oibriúcháin le haghaidh a úsáide bheartaithe.

Tugtar dímheas ar gach sócmhainní sheasta inbhraite, ag rátaí ríofa chun costas lúide luach iarmharach measta a dhíscríobh, ar gach sócmhainn go córasach thar a saolré úsáide measta, mar a leanas:

- Foirgnimh - 2% Líne Dhíreach
- Daingneáin, suitigh agus trealamh - 12.5% Líne Dhíreach
- Trealamh Ríomhaire - 20% Líne Dhíreach

Talamh Forbraíochta

Bhí talamh forbraíochta coinneáilte ag an Ghníomhaireacht Tithíochta ceannaithe ar dtús ag an National Building Agency Limited (NBA) agus Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd) chun cuspóirí forbartha sa toadhchá. Mar chuid den phróiseas réasúnaithe, aistríodh trí shócmhainn chuig an Ghníomhaireacht Tithíochta in 2013 ag a luach margaidh oscailte. Ba luach iomlán leo le linn an aistrithe ná €1,441,248 (Nóta 9). Déantar cuntas ar an talamh forbraíochta ag costas.

Níl an talamh á fhorbairt faoi láthair. Táthar ag súil go mbeidh an talamh seo oiriúnach i gcomhair tógála, tithíochta sóisialta nó cuspóirí eile, agus go n-úsáidfear é chuige sin má bhíonn gá sa cheantar. Bheadh aon úsáid fhéideartha as na suíomhanna sin deimhneithe i gcomhairleoireacht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Talamh á Choinneáil Faoi Réir na Scéime Comhshuimithe Talún

Faoi réir na Scéime Comhshuimithe Talún (2010-2013), d'aistrigh údaráis áitiúla talamh forbraíochta tithíochta áirithe le lasachtaí na Gníomhaireachta Maoinithe Tithíochta gan íoc don Ghníomhaireacht Tithíochta ar tháille ainmniúil. D'fhaomhaigh an Roinn aistriú 73 suíomh le limistéar iomlán 247 heictear chuig an Ghníomhaireacht Tithíochta. Bhí aithint tosaigh

Ar an talamh ag luach ainmniúil €1 in aghaidh an tsuímh. Glacadh polasaí athluachála in 2018 agus aithnítear an talamh anois ag luach cóir. Aithnítear athruithe ar luach sa Ráiteas Ioncaim Cuimsithigh Eile agus cúlchiste athluachála.

1.7 Plean Gníomhaíochta don Easpa Dídine

Ceannacháin agus Díolacháin

Aithnítear Díolacháin Maoine i ndiaidh cistí a fháil. Aithnítear Ceannachán Maoine i ndiaidh cistí a íocadh. Aithnítear caiteachas gearrtha ar fheabhsúcháin ar fhoirgnimh nuair a íoctar é. Tugtar cuntas ar thaiscí íochta ar mhaoin i Sócmhainní Reatha. Tugtar cuntas ar mhaoin ceannaithe ach gan díol/aistriú i stoc Tithíochta le tithe i gcomhair athdhíolacháin. Bíonn aon farasbarr nó easnamh ionsúite ag an gciste. (Féach Nóta 5)

Fardal an Chláir Ceannacháin Tithíochta

Léiríonn fardal Ceannacháin Tithíochta costas na n-ionad maoine ceannaithe, plus aon oibreacha uasghrádaithe caipitil curtha leis na ionaid maoine agus aon taiscí íochta do mhaoin le ceannach.

Cúlchiste an Chláir Ceannacháin

Is é an cúlchiste Ceannacháin Tithíochta é an maoiniú fágtha ón gclár Ceannacháin Tithíochta. Léirítear gníomhaíocht an chláir Ceannacháin Tithíochta i Nóta 5 gach bliain.

1.8 Infhála

Aithnítear infhála ag a luach cóir, lúide foráil i gcomhair fiachais amhrasacha. Is foráil ar leith é foráil d'fhiachais amhrasacha, agus bunaítear é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil nach mbeidh an Ghníomhaireacht in ann gach méideanna dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach idirbhirt i bhforáil fiachais amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte.

1.9 Airgead agus Coibhéisí Airgid

Léirítear airgead ag taiscí le institiúidí airgeadais.

1.10 Idirbhirt Neamh-airgid

Mar chuid de chomhaontuithe sínithe le tríú páirtithe i gceangal le ceisteanna piríte, d'fhéadfadh an Gníomhaireacht seirbhísí a fháil ó na páirtithe sin gan íocaíocht ag an nGníomhaireacht. Aithníonn an Gníomhaireacht na seirbhísí sin nuair a fhaightear iad mar ioncam agus caiteachas araon.

1.11 Iníoctha

Déantar iníocthaí gearrtearma a thomhais ag an bpraghas idirbhirt. Coinníonn an Gníomhaireacht freisin cistí curtha ar aghaidh ag údaráis áitiúla i gcomhair ceannacháin stoic Tithíochta. Aistríonn údaráis áitiúla na cistí chuig an Gníomhaireacht Tithíochta d'aonaid maoine ar mian leo a cheannach. Coinníonn an Gníomhaireacht Tithíochta na cistí go dtí go ndéantar ionaid maoine a cheannach. Taispeántar na méideanna sin mar iníocthaí (Féach Nóta 12).

1.12(a) Sochair ar scor

Rinne Cuid 7 (8) Ionstraime Reachtúla 264 ó 2012 forálacha chun bunaíochta scéime aoisliúntais don Gníomhaireacht. Oibríonn an Gníomhaireacht scéim sochair sonraithe (an príomhscéim) maoinithe ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid soláthraithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ó ranníocaíochtaí bainte ó thuarastail foirne agus na mball. Tá an scéim á hoibriú ar bhonn riaracháin ag feitheamh ar fhaomhadh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le comhthoil an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais sochair ar scor na sochair ar scor faighte ag fostaithe, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí sochair ar scor na foirne, coinneáilte ag an nGníomhaireacht. Aithnítear méid a bhaineann le muirir sochair ar scor mar ioncam chomh fada agus atá sé in-aisghabhála, agus fritháirimh ag deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí sochair ar scor a scaoileadh.

Oibríonn an Gníomhaireacht Tithíochta freisin an Scéim Pinsin do Sheirbhísí Poiblí Singil ("Scéim Singil"), arbh é sin scéim sochair sainithe do státseirbhísigh inphinsin ceaptha air nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí na mball Scéime Singil chuig an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

Léirítear gnóthaigh nó cailteanais achtúireacha don dá scéim ar dhliteanais scéime sa Ráiteas Ioncaim Cuimighigh Eile, agus aithnítear coigeartú gaolmhar sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn ó oibleagáidí sochair ar scor na Gníomhaireachta Tithíochta agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus athníonn sé costais forála sochair ar scor i dtréimhsí cuntasáíochta ina fhaigheann fostaithe iad. Glactar tomhais de dhliteanais na scéime sochair ar bhonn achtúireach ag úsáid modh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta.

1.12(b) Sochair ar scor NBA

D'oibrigh an Gníomhaireacht Thógála Náisiúnta (NBA) scéim phinsin sochair sonraithe maoinithe. De réir treoracha an Aire Thithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ceapadh an Gníomhaireacht Tithíochta mar phríomh-fhostóir na scéime pinsin NBA le éifeacht ó 1 Dheireadh Fómhair 2018.

Tá an scéim d'iar-fhostaithe NBA dúnta d'iontrálaithe nua. Léiríonn na toimhdí agus meastacháin a úsáidtear chun costas na bliana airgeadais a ríomhadh, oibleagáid sochair sonraithe agus luach cóir do shócmhainní an phleain ag deireadh na bliana airgeadais taithí stairiúil agus treochtaí reatha.

Aithníonn an Gníomhaireacht Tithíochta costais ioncaim agus ar scor don bhliain sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus aithnítear gluaiseachtaí achtúireacha sa ráiteas ioncaim cuimsithigh eile.

Déantar na íocaíochtaí sochair ar scor déanta ag an Ghníomhaireacht Tithíochta do bhaill na scéime a fhorchúiteamh ón gciste pinsin. (féach Nóta 13.2).

Léiríonn sócmhainn NBA luach cóir an chiste infheistíochta coinneáilte ag na iontaobhaithe agus léiríonn dliteanas ar scor glanluach reatha ar theidlíochtaí don todhchaí le baill na scéime de réir ríofa ag achtúire neamhspleách. Ar an 1ú Dheireadh Fómhair 2018, bhí sócmhainní na scéime luacháilte ag €12,784,000 agus an dliteanas luacháilte ag €8,366,000. Léiríonn an Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollag 2019 an sócmhainn ag €13,731,000 agus an dliteanas ag €7,878,000.

1.13 Cúlchiste Caipitil

Léiríonn an Cúlchiste Caipitil an chuid den ioncam gan amúchadh curtha ar fáil chun cuspóirí caipitil. Déantar sócmhainní seasta a mhaoiniú ó ioncam deontais agus a amúchadh i gcomhréir le dimheas agus (b) aistriú sócmhainní seasta ó The Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd), the National Building Agency Limited (NBA) agus Comhairle Contae Fhine Gall chuig an nGníomhaireacht i gcomhair breithniúcháin nialasaigh in 2013. Is mar a leanas na luachanna sócmhainne aistrithe:

- NBA €741,501
- HSC Ltd €1,202,607, agus
- Údaráis áitiúla €37.

Rinneadh é sin faoi stiúradh na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) anois an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

1.14 Airgeadra

Is é Euro an t-aonad airgeadra ina ndéantar na ráitis airgeadais a ainmniú.

1.15 Cabhrú d'Údaráis Áitiúla le Ceannachán Tithíochta

Gníomhaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta mar phointe lárnach do go leor eagraíochtaí chun maoin a cheannach ó fhaighteoirí/ iasachtóirí. Aithníodh ionaid maoine oiriúnacha ó na portfolios agus d'fhaomhaigh na údaráis áitiúla ceannachán maoine ábhartha. Sheol na údaráis áitiúla na cistí ar aghaidh chuig an Ghníomhaireacht Tithíochta agus íocadh na cistí ábhartha ansin d'ionaid maoine sna portfolio ábhartha.

2 Breithiúnais Cuntasaíochta Criticiúla agus Meastacháin agus Meastacháin chun Polasaithe Cuntasaíochta agus Príomh-Fhoinsí Éiginnteachta Meastacháin a Chur i bhFeidhm

Chun ullmhúchán a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, is gá don bhainistíocht breithiúnais a dhéanamh, mar aon le meastacháin agus toimhdí a imríonn tionchar ar na méideanna tuairiscithe i gcomhair sócmhainní agus dliteanais ag dáta an ráitis ar staid airgeadais agus na méideanna tuairiscithe d'ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. D'aineoinn sin, ciallaíonn nádúr meastacháin gur féidir go mbeidh torthaí iarbhrí difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an éifeacht ba shuntasá ag na breithiúnais a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

Saolré Úsáideach Sócmhainní Seasta Inbhráite

Tá sócmhainní fadsaolacha comhdhéanta go háirithe le foirgnimh, daingneáin agus suitigh agus trealamh ríomhaire. Braitheann an muirear dimheasa bliantúil go háirithe ar shaolta measta gach cineál sócmhainne agus, i gcúinsí áirithe,

luachanna iarmharacha measta. Déanann an Bord athbhreithniú go rialta ar shaolré úsáideach agus athraíonn sé iad más gá chun coinníollacha reatha a léiriú. Chun saolré úsáideach a shannadh, cuireann bainistíocht san áireamh athrú teicneolaíoch, patrúin ídithe, coinníoll fisiceach agus úsáid eacnamaíoch dóchúil na sócmhainní. Is féidir tionchar suntasach bheith ag athruithe i saolré úsáideacha ar an muirear dímheasa don bhliain airgeadais.

Laige Sócmhainní Sheasta Inbhraite

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta i gcomhair laige nuair a léiríonn ócáidí nó athruithe i gcúinsí gur féidir nach féidir an tsuim ghlanluacha a athshlánú. Aithnítear cailteanas laige don méid a dtéann suim ghlanluacha sócmhainne os cionn suim in-aisghabhála. Is ionann suim in-aisghabhála agus luach cóir sócmhainne is airde lúide costais chun díol agus luach in úsáid. Chun cuspóra measúnaithe ar laige, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle a bhfuil siad ina sreabhaidh airgid inaitheanta ar leithligh chuige (aonaid ginte airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamh-airgeadais a fuair lagú i gcomhair aisiompú féideartha ar an lagú ag gach dáta tuairiscithe.

Scéim Athshlánaithe Piríte

Breithiúnas suntasach is ea tiomantas na Scéime Athshlánaithe Piríte €84 milliún agus bunaítear é ar réamh-mheastachán cúig bhliana don scéim léirithe ag Bord na Gníomhaireachta Tithíochta ar an 23 Dheireadh Fómhair 2018.

Oibleagáid sochair ar scor

Tugtar nuashonrú do na toimhdí taobh thiar de na luachála achtúireacha a n-aithnítear a méideanna i ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaíthe i leibhéal cúitimh sa todhchaí, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta chostas chúram sláinte) nuashonraithe go bliantúil bunaithe ar na coinníollacha eacnamaíocha reatha, agus d'aon athruithe ábhartha do théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus plean iar-scortha.

Is féidir le tionchar teacht ar na toimhdí ag:

- (i) An ráta lascaine, athruithe sa ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ard-cháilíochta
- (ii) Leibhéal cúitimh sa todhchaí, coinníollacha an mhargaidh saothair sa todhchaí.

3 Léiriú na Bliana Roimhe

Ar feadh na bliana, rinne an Bord cinneadh chun athbhreithniú a thabhairt ar léiriú na ráiteas airgeadais chun gach ceann de na oibriúcháin is mó agus scéimeanna riartha ag an nGníomhaireacht a thaispeáint ar leithligh.

Taispeántar idirbhirt an chiste imrothlaigh cheannacháin le ciste anois sa ráiteas ioncaim agus caiteachais, cé go raibh siad ar taispeáint na blianta roimhe sa ghluaiseacht i gcúlchiste maoinithe. Tá gluaiseacht i gcúlchistí piríte agus cúlchistí ceannacháin údaráis áitiúla ar taispeáint ar leithligh ó chúlchistí ioncaim. Chomh maith leis, taispeántar anois na aistrithe idir an cúlchiste caipitil agus an cúlchiste ioncaim sa ráiteas athruithe i gcaipiteal agus cúlchistí.

Níor eascraigh sé sin in athrú ar iomlán na glansócmhainní nó cúlchistí sa Ráiteas ar Staid Airgeadais do 2018. Tá méideanna iomlán gearrtha ar ioncam agus caiteachas do 2018 coigeartaithe anois chun ciste imrothlach ceannacháin a léiriú ar €53.246 milliún agus €54.743 milliún.

4

Ioncam

a) Oibriúchán na Gníomhaireachta Tithíochta

	Nóta	2019 €	2018 €
Deontas an Oireachtais (Vóta 34 - Fochéann A.23)	4.1	7,500,000	7,174,000
<i>Lúide ranníocaíochtaí scéime an earnála poiblí singil</i>		(93,276)	(127,081)
Ioncam táillí	4.2	307,151	253,729
Forchúiteamh ó chomhlachtaí an stáit	4.3	630,606	578,996
Ús taisce		63	91
Ioncaim cíosa	4.4	58,438	137,535
Gnóthú ar dhíolacháin talún	9	9,000	-
Ioncam eile	4.5	176,442	74,517
Maoiniú pinsin iarchurtha	13	1,166,000	1,274,000
		9,754,424	9,365,787

4.1 Deontas an Oireachtais faighte ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

4.2 Léiríonn ioncam táillí na táillí ar chliaint (údaráis áitiúla nó comhlachtaí eile an stáit) maidir le seirbhísí déanta ag an Gníomhaireacht Tithíochta.

4.3 Léiríonn ioncam ó chomhlachtaí an stáit forchúitimh d'fhoireann ar iasacht agus caiteachais gearrtha thar ceann comhlachtaí an stáit lena n-áirítear a leanas ó Vóta 34:

Fochéann D12: An Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún		42,691

4.4 Comhdhéanann Ioncam Cíosa an cíós faighte maidir le Talamh Forbraíochta coinneáilte ag an Gníomhaireacht Tithíochta.

4.5 Faigheann an Gníomhaireacht Tithíochta ioncam freisin ó ghníomhaíochtaí agus scéimeanna eile a rinne sí le linn na bliana a chomhdhéanann a leanas ó Vóta 34:

Focheann A4: Clár Caiteachais Reatha do Thithíocht Shóisialta	6,529
Focheann A6: Scéim Íocaíochta Chúnaimh Tithíochta	4,208
Focheann A12: Lóistín do Thaisteálaithe	3,745
Focheann A14: Tithíocht do Dhaoine le Míchumas	161,960
	176,442

b) Scéim Athshlánaithe Piríte

	Nóta	2019 €	2018 €
Deontas an Oireachtais (Vóta 34 - Focheann A.22)	4.1	30,000,000	30,000,000
Seirbhísí foirne soláthraithe ag Homebond	4.6	354,716	370,752
		30,354,716	30,370,752

4.6 Soláthraí clúdaigh ar fhabhtáí struchtúrtha i dtithe nua is ea Homebond agus tá comhaontú aige leis an Gníomhaireacht Tithíochta chun foireann agus seirbhísí a sholáthar ar luach suas go dtí €2m don Gníomhaireacht. Mar chuid den chomhaontú seo, meastar go raibh luach na foirne agus seirbhísí sin in 2019 ag €354,716 (2018: €370,752)

c) Ceannacháin - Ciste Imrothlach

	Nóta	2019 €	2018 €
Díolacháin chiste imrothlaigh maoine	4.7	29,467,864	53,201,140
Ioncam cíosa chiste imrothlaigh		63,228	44,825
		29,531,092	53,245,965

4.7 Léiríonn díolacháin na díolacháin stoic tithíochta d'údaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta faofa ag costas, agus costas aon oibreacha uasghrádaithe caipitil críochnaithe.

d) Ceannacháin - Údarás Áitiúil

	Nóta	2019 €	2018 €
Forchúiteamh cheannachán díriú	4.8	1,556,003	440,802
Forchúiteamh Fhine Gall		404,871	185,404
		1,960,874	626,206

4.8 Áirítear leis a leanas ó nóta 34:

Focheann A3: Tithíocht an Údaráis Áitiúla			140,402

5

Caiteachas

a) Oibriúchán na Gníomhaireachta Tithíochta

	Nóta	2019 €	2018 €
Costais fostaíochta	6	6,008,626	5,058,166
Costais riaracháin oifige	7	1,914,008	1,263,704
Táillí dlí agus gairmiúla	8	1,513,893	1,666,686
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tógála		933	15,597
Cailteanas ar dhíolacháin talún	9	-	2
Dímheas	9	145,692	159,057
		9,583,152	8,163,212

b) Scéim Athshlánaithe Piríte

	Nóta	2019 €	2018 €
Costais riaracháin oifige		25,408	36,098
Táillí dlí agus gairmiúla		56,322	17,573
Íocaíochtaí úinéara tí		2,848,765	2,232,491
Bainisteoirí tionscadail tógála		1,520,078	1,473,348
Conraitheoirí oibre		26,252,739	25,912,180
Foireann agus seirbhísí Homebond	4.6	354,716	370,752
		31,058,028	30,042,442

Tugann an Ghníomhaireacht riarachán ar an Scéim Athshlánaithe Piríte a tháinig in oibríúchán ar an 13ú Feabhra 2014. Fuair an Ghníomhaireacht Tithíochta €123.9 milliún ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chun an scéim a riaradh go dtí seo. Rinne an Ghníomhaireacht íocaíochtaí €123.5 milliún agus leis sin ghearr sí costais íocaíochta agus tuarastail maidir le foireann sannta chuig riarachán na scéime €1.6m go 31 Nollag 2019. Déantar ríomhadh ar na costais sochair ar scor don Ghníomhaireacht ar iomlán agus níl siad san áireamh thuas.

Rinneadh athaicmiú ar na figiúirí comparáideacha 2018 do Chostais Riaracháin Oifige agus Táillí Gairmiúla le bheith i gcomhréir le léiriú na bliana reatha.

c) Ceannacháin

Caiteachas Trádála Chiste Imrothlaigh

	Nóta	2019 €	2018 €
Stoc tosaigh		60,732,431	64,844,915
Taiscí íochta agus ceannacháin maoine		22,108,520	47,400,738
Feabhsúcháin ar fhoirgnimh		2,730,281	4,268,038
Aisíocaíochtaí ó mhaoín neamh-imeachta		(767,920)	(2,580,120)
Stoc deiridh		(55,335,448)	(60,732,431)
		29,467,864	53,201,140
Costais eile (c)(i)		1,611,449	1,542,310
		31,079,313	54,743,450

(C)(i) Fuair an Gníomhaireacht Tithíochta tasc ceannacháin do thithíocht fholamh i gcomhair tithíochta sóisialaí faoi réir an Phlean Gníomhaíochta don Tithíocht agus Easpa Dídine. Leis sin, is ról leis an nGníomhaireacht idirghníomhú le bainc, infheisteoirí agus úinéirí féideartha eile portfolio maoine iolraigh chun maoin a cheannach ar bhonn náisiúnta agus iad a dhiúscairt ag costas le comhlachtaí tithíochta agus údaráis áitiúla.

Tugtar maoiniú i gcomhair ceannacháin le deontas imrothlach suas go dtí €76 milliún ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Caitear leis an ndeontas mar mhaoiniú fadtéarmach agus tugtar cuntas de le haghaidh Cúlchiste Ceannacháin Maoine sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Ceannacháin Chiste Imrothlaigh

	Nóta	2019 €	2018 €
Ceannachán, díolachán agus costais coinneála		759,355	704,057
Dualgas stampa		-	(30,065)
Luachála maoine		186,739	225,940
Árachas		255,248	334,030
Iníúchta ar mhaoin		87,663	255,369
Cáin ar mhaoin áitiúil		67,201	59,346
Comhairle gairmiúil		36,782	44,027
Táillí seirbhíse		213,504	158,584
Seirbhísí slándála		30,592	2,263
Costais ar fhóntais agus naisc		3,891	(5,212)
Caiteachais ilghnéitheacha		4,073	-
Táillí AHB		-	(91,377)
Aisíocaíochtaí ar chostais		(33,830)	(114,727)
Costais Bainc		231	75
		1,611,449	1,542,310

Caiteachas Trádála de réir Líon na dTithe

	Nóta	2019 €	2018 €
Stoc tosaigh		300	353
Ceannacháin		129	200
Díolacháin		(131)	(253)
Stoc deiridh		298	300

Caiteachas Riaracháin de réir Gníomhaíochta

	Nóta	2019 €	2018 €
Ceannacháin díreacha	5.3	1,469,619	151,556
Comhairle Co Fhine Gall	5.4	387,108	166,127
		1,856,727	317,683

- 53 Ciallaíonn Caiteachas Ceannacháin Dírigh an caiteachas a bhaineann le maoin ceannaithe thar ceann údaráis áitiúla, tá na costais sin sa bhreis ar phraghas an cheannacháin agus déantar iad a fhorchúiteamh ag an Ghníomhaireacht Tithíochta níos déanaí.

Ceannacháin Díreacha

		2019 €	2018 €
Dlí agus eisíoc		723,878	41,031
Cáin ar Mhaoín Áitiúil		22,868	8,129
Táillí seirbhíse		152,258	11,489
Luachála		354,471	36,304
Táillí iniúchta		81,352	43,653
Árachas		3,072	3,675
Costais slándála		3,137	1,002
Comhairle gairmiúil		615	6,267
Táillí bainc		104	6
Oibreacha uasghrádaithe caipitil	5.3.1	127,864	-
		1,469,619	151,556

Gníomhaíocht cheannacháin dírigh

Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta maoin a fháil thar ceann Comhlachtaí Tithíochta Faofa (AHB) agus údaráis áitiúla. Le linn na bliana chabhraigh an Ghníomhaireacht Tithíochta chun 303 ionad maoin a cheannach thar ceann údaráis áitiúla agus AHB. (2018: 173)

5.3.1 Oibreacha Uasghrádaithe Caipitil

Le linn na bliana d'iarr údaráis áitiúla ar an Ghníomhaireacht Tithíochta oibreacha uasghrádaithe a thabhairt ar mhaoin faighte thar a cinn.

5.3.2 Cabhrú d'Údaráis Áitiúla le Ceannachán Tithíochta

Gníomhaíonn an Gníomhaireacht Tithíochta mar phointe lárnach do go leor eagraíochtaí chun maoin a cheannach ó fhaighteoirí/ iasachtóirí. Aithníodh ionaid maoin oiriúnacha ó na portfolios agus d'fhaomhaigh na údaráis áitiúla ceannachán maoin ábhartha. Sheol na údaráis áitiúla na cistí ar aghaidh chuig an Gníomhaireacht Tithíochta agus íocadh na cistí ábhartha ansin d'ionaid maoin sna portfolio ábhartha. In 2019, cheannaigh an Gníomhaireacht Tithíochta tithe i mbulc ó institiúidí iasachta thar ceann údaráis áitiúla ar fud an náisiúin. Ní leis an nGníomhaireacht an stoc tithíochta sin. Luaitear thíos na idirbhirt faoi réir an chláir:

	Nóta	2019 €	2018 €
larmhéid tosaigh na gcistí		23,882,000	3,023,700
Cistí faighte		63,616,450	47,444,100
Ceannacháin		(84,206,400)	(26,585,800)
larmhéid deiríidh na gcistí faighte	12	3,292,050	23,882,000
Sleamhnú coinneáilte ag an Gníomhaireacht Tithíochta		12,699	-
Cistí ceannacháin díriú	11	3,304,749	23,882,000

5.4 Le linn na bliana, ghearr an Gníomhaireacht Tithíochta ccostais €387,108 (2018:€166,127) thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall chun forála seirbhísí dlíthiúla.

Comhairle Contae Fhine Gall

	2019 €	2018 €
Dlí agus eisíoc	387,108	166,127

6

Costais Fostaíochta Oibriúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta

	Nóta	2019 €	2018 €
Íocaíochtaí agus tuarastail - foireann na Gníomhaireachta Tithíochta		4,475,961	3,614,488
Íocaíochtaí agus tuarastail - foireann Piríte		580,665	487,678
Costais sochair ar scor - An Gníomhaireacht Tithíochta	13.1	952,000	956,000
		6,008,626	5,058,166

Líon na bhFostaithe

	2019	2018
Líon meánach na bhfostaithe	82	67

Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise

	2019 €	2018 €
Ranníocaíocht aoisliúntais bhreise	137,135	151,301

Díolaíocht Bhaill an Bhoird

Bord Scéime Athshlánaithe Piríte

	2019 €	2018 €
Caroline Gill	2,000	1,600
Alex Flood	-	4,200
Jack Keyes	13,876	8,978
Derek Sinnott	2,777	-

Bord na Gníomhaireachta Tithíochta

	2019	2018
David Duffy	3,847	-

Baineann na luachanna thuas le caiteachas agus táillí gearrtha ón mBord Athshlánaithe Piríte agus na Gníomhaireachta Tithíochta.

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

	2019	2018
Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh	128,117	124,228

Bhí tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh ag €124,228 agus d'ardaigh sé go dtí €128,117 faoi réir lagduithe íocaíochta sealadaigh curtha i bhfeidhm faoi réir an Chomhaontaithe Bóthair Haddington. Tá pinsean an Phríomhfheidhmeannaigh mar chuid de shamhail na Gníomhaireachta Tithíochta le scéim aoisliúntais sonraithe an earnála poiblí.

Sochair Foirceannta

Ní raibh íocaíochtaí foirceannta déanta le linn na bliana.

Sochair Gearrtréimhseacha

Ní raibh sochair gearrtréimhseacha amhail am breise nó liúntais déanta sa bhliain.

Príomh-phearsanra Bainistíochta

	2019	2018
Tuarastal	605,107	563,088

Comhdhéanann príomh-phearsanra bainistíochta sa Ghníomhaireacht Tithíochta oifigigh sinsearacha, an Príomhfheidhmeannach, na Príomhoifigigh, an Príomhoifigeach Cúnta, agus Feidhmeannaigh Sinsearacha. Tá luach iomlán ar shochair d'fhostaithe i gcomhair príomh-phearsanra Bainistíochta leagtha amach thuas. Ní áirítear leis sin luach na sochar ar scor faighte le linn na tréimhse. Tá príomh-phearsanra Bainistíochta mar bhaill le scéim phinsin na Gníomhaireachta Tithíochta agus ní théann a gcuid teidlíochta maidir leis sin chomh fada le téamaí na scéime phinsin seirbhíse samhlach.

7

Costais Riaracháin Oifige Oibriúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta

	Nóta	2019 €	2018 €
Cíos iníoctha		86,154	61,500
Rátáí		1,384	492
Árachas		59,093	52,957
Solas agus Téamh		27,862	20,412
Áitribh agus costais cothabhála		356,299	115,142
Teicneolaíocht chumarsáid faisnéise		344,917	258,646
Postáil priontála agus ábhair oifige		124,908	117,581
Cumarsáidí		151,931	162,070
Comhdhálacha, cruinnithe agus seiminéir		133,523	62,262
Costais Bainc		1,047	936
Caiteachais ginearálta		1,106	38,407
Costais inaisghabhála	7.1	198,802	-
Oiliúint agus earcaíocht		287,154	158,549
Taisteal agus Maireachtáil		113,870	91,442
Síntiúis		25,944	42,308
Drochfhiacha		14	81,000
		1,914,008	1,263,704

7.1 Costais Inaisghabhála

Baineann Costais Inaisghabhála le costais a bhíonn ag an Gníomhaireacht Tithíochta thar ceann údaráis áitiúla agus AHB le linn na bliana. Tá na costais sin le bheith forchúitithe níos déanaí.

8

Táillí dlí agus Gairmiúla Oibriúcháin na Gnómhaireachta Tithíochta

Nóta	2019 €	2018 €
Ceannacháin - táillí gairmiúla	26,705	117,678
Táillí gairmiúla	205,673	133,330
Costais rialacháin agus forbartha	76,598	169,643
Táillí dlí	46,651	30,907
Caiteachas taighde	177,535	209,455
Cuntasaíocht	52,810	33,028
Iníúchadh Inmheánach	59,234	64,921
Iníúchadh	40,000	35,000
Luachálacha talún agus táillí dlí i gcomhair bainistíochta sócmhainní	134,809	129,702
Seirbhísí gairmiúla agus dlí d'údaráis áitiúla	56,165	29,735
Frithghealladh d'iasachtaí soláthair tithíochta	327,200	385,790
Costais comhairleoireachta tionscadail	190,068	109,391
Pleanáil straitéiseach agus cur i bhfeidhm	14,176	55,102
Coiste A&R agus forléargas rialachais	66,420	9,410
Léarscáiliú próisis agus nósanna imeachta	335	91,723
Seirbhísí sholáthair	39,514	61,871
	1,513,893	1,666,686

9 Sócmhainní Sheasta Inbhraite

	Forbairt talamh €	Talamh faoi scéim chomhshuímithe €	Foirgnimh €	Daingn eáin, suitigh agus trealamh €	Trealamh ríomhaire €	Iomlán €
Costas						
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019	1,441,247	55,069,342	4,973,255	121,129	237,183	61,842,156
Breis le costas	-	-	-	-	9,861	9,861
Athluacháil	-	-	-	-	-	-
Diúscartha	(35,000)	(3,419,794)	-	-	-	(3,454,794)
Iarmhéid ag 31 Nollag 2019	1,406,247	51,649,548	4,973,255	121,129	247,044	58,397,223
Dímheas						
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019	-	-	216,499	62,671	147,169	426,339
Dímheas don tréimhse	-	-	99,465	15,141	31,086	145,692
Iarmhéid ag 31 Nollag 2019	-	-	315,964	77,812	178,255	572,031
Glanluach leabhair						
Ag 31 Nollag 2019	1,406,247	51,649,548	4,657,291	43,317	68,789	57,825,192
Ag 31 Nollag 2018	1,441,247	55,069,342	4,756,756	58,458	90,014	61,415,817

	Forbairt talamh €	Talamh faoi scéim chomhshuiteamh mithe €	Foirgnimh €	Daingneáin, suiteigh agus trealamh €	Trealamh ríomhaire €	Iomlán €
Costas						
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018	1,441,247	72	4,973,255	117,887	219,678	6,752,139
Breis le costas	-	-	-	3,242	17,505	20,747
Athluacháil	-	55,069,272	-	-	-	55,069,272
Diúscartha	-	(2)	-	-	-	(2)
Iarmhéid ag 31 Nollag 2018	1,441,247	55,069,342	4,973,255	121,129	237,183	61,842,156
Dímheas						
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018	-	-	113,222	47,530	106,530	267,282
Dímheas don tréimhse	-	-	103,277	15,141	40,639	159,057
Iarmhéid ag 31 Nollag 2018	-	-	216,499	62,671	147,169	426,339
Glanluach leabhair						
Ag 31 Nollag 2018	1,441,247	55,069,342	4,756,756	58,458	90,014	61,415,817
Ag 31 Nollag 2017	1,441,247	72	4,860,033	70,357	113,148	6,484,857

Talamh Forbraíochta – Gníomhaíocht

	Nóta	2019 €	2018 €
Suíomhanna tosaigh		13	13
(Aistrithe / diúscartha)	9.1	(1)	-
Suíomhanna deiridh		12	13

Scéim Chomhshuimithe Talún - Gníomhaíocht

	Nóta	2019 €	2018 €
Suíomhanna tosaigh		70	72
(Aistrithe / diúscartha)	9.2	(2)	(2)
Suíomhanna deiridh		68	70

9.1 Talamh Forbraíochta – Gníomhaíocht

Le linn na bliana dhiúscair an Gníomhaíocht suíomh amháin coinneáilte i mBéal Átha Lúbaigh, Co. Thiobrad Árann, ar €44,000. Bhí gnóthú €9,000 ar an ndiúscairt (féach Nóta 4).

9.2 Scéim Chomhshuimithe Talún - Gníomhaíocht

Le linn na bliana dhiúscair an Gníomhaireacht dhá shuíomh i gContae Chorcaigh, bhí na suíomhanna aistrithe chuig Comhairle Contae Chorcaigh gan chostas. Tá na suíomhanna le bheith in úsáid chun tógála 102 aonad tithíochta sóisialta. Bhí na suíomhanna sin luacháilte an bhliain roimhe ag €1,345 milliún.

D'aistrigh an Gníomhaireacht freisin suimeanna páirteacha 2 shuíomh i gContae Chill Dara, go Comhairle Contae Chill Dara chun forbartha 77 aonad tithíochta sóisialta agus foirgneamh MERITS (Spás Smaoinimh Nuálaíochta Réigiúnach an Mheán-Iarthair). Tá aistrithe páirteacha an tsuímh luacháilte ag €2,075 milliún.

In 2018 bhí an talamh coinneáilte faoi réir na Scéime Comhshuimithe Talún athluacháilte ag gníomhairí tríú páirtí neamhspleácha, ar luach coinneáilte €55,069,272. Bhí sin léirithe sa Ráiteas Ioncaim Cuimsithigh Eile agus cúlchiste athluachála.

10

Infhála

	Nóta	2019 €	2018 €
Féichiúnaithe		457,305	193,721
Réamhíocaíochtaí		91,434	78,692
Féichiúnaithe eile		323,120	121,278
Obair ar siúil		117,709	166,322
		989,568	560,013

11

Airgead agus Coibhéisí Airgid

	Nóta	2019 €	2018 €
Cistí ceannacháin		14,057,528	10,208,767
Dlíteanas Fhearchair	12.1	-	196,406
Scéim Athshlánaithe Piríte		1,544,274	1,785,153
Airgid coinneáilte thar ceann údaráis áitiúla	5.3.2	3,304,749	23,882,000
Oibriúchán na Gníomhaireachta Tithíochta		4,455,760	4,455,686
		23,362,311	40,528,012

12

Iníochtaí

	Nóta	2019 €	2018 €
Iníochtaí trádála		(13,692)	(599)
Iníochtaí eile		(75,300)	-
Dlíteanas Fhearchair	12.1	-	(196,406)
Fabhruithe		(812,363)	(474,433)
RCT		(216)	-
PAYE/PRSI		(200,928)	(107,279)
Cáin Bhreisluacha		(710,338)	(719,117)
Cáin Shiarchoinneálach		(120,383)	(110,701)
Airgid coinneáilte thar ceann údaráis áitiúla	5.3.2	(3,292,050)	(23,882,000)
Ranníocaíocht phinsin		(393,416)	(391,256)
Rialú tuarastail		-	(64,830)
Ioncam iarchurtha		(89)	-
		(5,618,775)	(25,946,621)

12.1 Dlíteanas Fhearchair

Bhí gach dlíteanas na Comhpháirtíochta Tithe Inacmhainne (AHP) ag 31 Nollag 2010 glactha ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúla agus Oidhreachta lena n-áirítear oibleagáidí chonraitheacha maidir le idirbheart malartaithe talún le eintiteas príobháideach tríú páirtí do mhaoin faoi úinéireacht an stáit ag Ardán Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

Le linn 2012, bhí cás Ard-Chúirte maidir leis an malartú talún sin rialaithe i bhfábhar an eintitis príobháidigh tríú páirtí. I ndiaidh an bhreithiúnais sin, tháinig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus eintiteas príobháideach tríú páirtí ar chomhaontú ar an socrúchán deiridh ag eascrú ón mbreithiúnas sin.

I gcomhréir leis an gcomhaontú déanta, sheol an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) airgead ar aghaidh chuig an Gníomhaireacht Tithíochta. I ndiaidh treoracha ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), bhí an t-airgead sin íoctha chuig an tairbhí. D'éascaigh an Gníomhaireacht Tithíochta, trína cuntas bainc, fáil agus íocaíochtaí na n-airgead sin chuig an tairbhí deiridh. I soláthar na háise sin, níos ghearr an Gníomhaireacht Tithíochta aon táillí nó coimisiúin d'aon pháirtí i gceist.

Bhí iarmhéid dlite don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag €196,406. Bhí an méid sin aisíochta chuig an Roinn in 2019.

13

Sochair ar scor**Aoisliúntas agus Scéim SPS (Nóta 13.1)**

Oibríonn an Ghníomhaireacht Tithíochta scéimeanna aoisliúntais sochair sonraithe don fhoireann. Is iad na scéimeanna (i) Roimh 1 Aibreáin 2004 - Neamh-Iontrálaí Nua, (ii) Tar éis 1 Aibreáin 2004 - Iontrálaí Nua, agus (iii) Tar éis Eanáir 2013 - Scéim Phinsin Singil. Tá a téarmaí agus coinníollacha féin ag gach scéim phinsin maidir le aois scoir agus ríomhadh pinsin agus cnapshuim. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn faoi réir na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar iad don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe glan, sa bhliain ina n-éiríonn siad iníochta.

Scéim NBA (Nóta 13.2)

D'éirigh an Ghníomhaireacht Tithíochta ina príomh-fhostóir do NBA i nDeireadh Fómhair 2019. D'aistrigh an scéim sochair ar scor NBA chuig an Ghníomhaireacht Tithíochta. Is scéim phinsin maoinithe í an Scéim NBA faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta.

Torthaí Sochair ar Scor

Tá na torthaí leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais pinsin maidir le foireann ag freastal, ar scor agus éagtha leis an Ghníomhaireacht Tithíochta ag 31 Nollag 2019. Rinneadh an luacháil seo ag achtúire neamhspleách cáilithe chun cuspóirí an chaighdeáin cuntasáochta Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais - Sochair ar Scor (FRS 102).

Ionchas Saoil Meánach Úsáidte chun Dliteanais a Shonrú

	2019	2018
Fireann aois 65	21	21
Baineann aois 65	24	24

13.1 Scéim Aoisliúntais agus SPS

Caiteachas

	Nótaí	2019 €	2018 €
Costas na seirbhíse reatha		962,000	1,096,000
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin		212,000	183,000
Ranníocaíochtaí fostaithe		(222,000)	(323,000)
Costais pinsin ar iomlán		952,000	956,000

Maoiniú Sochair ar Scor Iarchurtha

	Nótaí	2019 €	2018 €
Maoiniú iarchurtha tosaigh		10,527,000	9,867,000
Maoiniú iarchurtha		1,166,000	1,274,000
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha	13.1.1	2,962,000	(614,000)
Maoiniú iarchurtha deiridh		14,655,000	10,527,000
Glanmaoiniú iarchurtha aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais			
Costais sochair		1,174,000	1,279,000
Sochair íoctha sa tréimhse		(8,000)	(5,000)
		1,166,000	1,274,000

Dlíteanais Sochair ar Scor

	Nótaí	2019 €	2018 €
Dlíteanas na scéime tosaigh		(10,527,000)	(9,867,000)
Costas na seirbhíse reatha		(962,000)	(1,096,000)
Costas úis		(212,000)	(183,000)
Sochair íoctha sa tréimhse		8,000	5,000
Athrú i dtuairimíocht achrúireacha	13.1.1	(1,827,000)	777,000
(Caillteanais) / gnóthú taithí	13.1.1	(1,135,000)	(163,000)
Dlíteanas na scéime deiridh		(14,655,000)	(10,527,000)

13.1.1 (Caillteanais)/Gnóthú achrúireach

	Nótaí	2019 €	2018 €
Athrú i dtuairimíocht achrúireacha		(1,827,000)	777,000
(Caillteanais) / gnóthú taithí		(1,135,000)	(163,000)
(Caillteanais)/Gnóthú achrúireach		(2,962,000)	614,000
Céatadán dlíteanais na scéime		20.21%	5.83%
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha		2,962,000	(614,000)

Na príomh-thoimhdí airgeadais a úsáideadh ná:

Modh Luachála

	2019	2018
Ráta lascaine	1.10%	2.05%
Ráta ardaithe i dtuarastail	2.40%	2.85%
Ardú le teacht sa phinsean stáit	1.40%	1.85%
Arduithe le teacht sa phinsean	1.90%	2.35%
Boilsciú	1.40%	1.85%

13.2 Scéim Sochair ar Scor NBA

Costas Sochair ar Scor

	Nótaí	2019 €	2018 €
Costas na seirbhíse reatha		-	-
Glanchoistas úis		(90,000)	(21,000)
Costas riaracháin		50,000	10,000
Ioncam pinsin ar iomlán		(40,000)	(11,000)

Sócmhainní na Scéime Sochair ar Scor

	Nótaí	2019 €	2018 €
Luach cóir tosaigh sócmhainní na scéime		12,312,000	12,784,000
Ioncam úis		249,000	61,000
Sochair íochta		(305,000)	(78,000)
Caiteachais riaracháin íochta ón sócmhainn		(50,000)	(10,000)
Fáltas ar shócmhainní an phleain (lúide ús)	13.2.1	1,525,000	(445,000)
Luach cóir deiridh sócmhainní na scéime	13.2.2	13,731,000	12,312,000

Dlíteanas Sochair ar Scor

	Nótaí	2019 €	2018 €
Dlíteanas na scéime tosaigh		(7,929,000)	(8,366,000)
Costas na seirbhíse reatha		-	-
Costas úis		(159,000)	(40,000)
Sochair íochta		305,000	78,000
Athrú i dtoimhdí achtúireacha	13.2.1	(377,000)	369,000
Gnóthuithe / (cailteanas) taithí	13.2.1	282,000	30,000
Dlíteanas na scéime deiridh		(7,878,000)	(7,929,000)

Glansochair ar Scor

	Nótaí	2019 €	2018 €
Luach reatha na n-oibleagáidí sochair sonraithe maoinithe		(7,878,000)	(7,929,000)
Luach cóir sócmhainní na scéime		13,731,000	12,312,000
Glansócmhainn / (dliteanas)		5,853,000	4,383,000

13.2.1 (Caillteanais)/Gnóthú achtúireach

	Nótaí	2019 €	2018 €
Athrú i dtoimhdí achtúireacha		(377,000)	369,000
(Caillteanais) / gnóthú taithí		282,000	30,000
Fáltas ar shócmhainní an phleain (lúide ús)		1,525,000	(445,000)
(Caillteanais)/Gnóthú achtúireach		1,430,000	(46,000)
Céatadán dliteanais na scéime		18.15%	-0.58%

Na príomh-thoimhdí airgeadais a úsáideadh ná:

Modh Luachála

	2019	2018
Ráta lascaine	1.10%	2.05%
Ráta ardaithe i dtuarastail	2.40%	2.85%
Boilsciú	1.40%	1.85%

13.2.2 Comhdhéanamh Luacha Cóir Sócmhainní an Phleain

	Nótaí	2019 €	2018 €
Airgead		230,000	370,000
Gnáthscaireanna		4,756,000	4,317,000
Bannaí		8,704,000	7,588,000
Eile		41,000	37,000
		13,731,000	12,312,000

13.2.3 Comhdhéanamh Luacha Cóir Sócmhainní an Phleain mar %

		2019	2018
Airgead		1.68%	3.01%
Gnáthscaireanna		34.64%	35.06%
Bannaí		63.39%	61.63%
Eile		0.30%	0.30%

1

Baill Bhoird na Gníomhaireachta – Nochtadh Leasanna in Achtanna Eitice in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

Iarrtar ar an nGníomhaireacht cloí leis na riachtanais agus nósanna imeachta i gcomhréir le Achtanna Eitice in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001. Bhí an Gníomhaireacht i gcomhréir leo laistigh an tréimhse. Ní raibh aon idirbhirt le linn na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ina raibh aon suim leasmhara ag Baill na Gníomhaireachta.

15

Tiomantais

Thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, déanann an Gníomhaireacht Tithíochta athshlánú ar thithe a fuair tionchair piríte. Faigheann an Bord Athshlánaithe Piríte éilimh faoi réir Scéime Athshlánaithe Piríte. Mar chuid den scéim seo, déantar conarthaí oibre le comhairleoirí innealtóireachta agus tógála agus le conraitheoirí innealtóireachta sibhialta agus tógála. Leis sin, bhí úinéirí tí a raibh a n-áitribh glactha isteach sa scéim seo i dteideal caiteachas áirithe a fhorchúiteamh a bhíonn acu sula nglactar leis sa scéim agus le linn oibreatha athshlánaithe.

Ní raibh aon fhoráil déanta sna cuntais maidir le dliteanas féideartha faoi réir na scéime toisc gur polasaí leis an mBord é costais na n-éileamh a aithint de réir is a thugtar faomhadh dóibh. Meastar go mbeidh costas sa todhchaí ar an scéim athshlánaithe ar iomlán €84 milliún bunaithe ar chostais réamh-mheasta don chéad 4 bhliana le teacht agus áirítear leis sin tiomantais conartha luaite thíos.

Ón 31ú Nollag 2019, bhí na tiomantais conartha agus oibleagáidí a leanas ag an Gníomhaireacht Tithíochta maidir leis an Sceim Athshlánaithe Piríte (PRS).

Comhairleoirí Tógála

	2019 €	2018 €
Conarthaí ó chonraitheoirí tógála ag 31 Nollaig	6,532,291	5,047,454
Íocaíochtaí ar chuntas ag 31 Nollaig	(5,841,217)	(4,321,139)
Tiomantais conartha le comhairleoirí ag 31 Nollag	691,074	726,315

Conraitheoirí oibre

	2019 €	2018 €
Conarthaí oibre ag 31 Nollaig	108,141,714	91,736,186
Íocaíochtaí ar chuntas ag 31 Nollaig	(103,386,910)	(77,134,171)
Tiomantais conartha le conraitheoirí ag 31 Nollag	4,754,804	14,602,015

Níl an Ghníomhaireacht Tithíochta incháilithe chun VAT a fhorchúiteamh agus dá bhrí sin áirítear VAT le gach suimeanna.

Bhí íocaíochtaí ar fhigiúirí cuntais do 2018 athráite chun méideanna carnacha a thaispeáint go dtí 31 Nollag 2018.

16 Tiomantais Léasaithe

Tá tiomantais léasaithe ag an Ghníomhaireacht Tithíochta maidir le léas ar lóistín oifig ag 52 Mount Street Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá an léas sin i gcomhair tréimhse 10 mbliana a thosaigh i Márta 2019. Leagann an Ghníomhaireacht Tithíochta amach sa tábla thíos a tiomantais measta d'íocaíochtaí bhliantúla thar tréimhse an léasa:

	2019 €	2018 €
Iníochta laistigh bliana	120,000	-
Iníochta laistigh dhá go cúig bhliana	480,000	-
Iníochta i ndiaidh cúig bhliana	500,000	-
	1,100,000	-

Íocaíochtaí léasa oibriúcháin aitheanta mar chaiteachas ná €86,154.

17 Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Le linn na bliana ní raibh aon idirbhirt bainteach le páirtithe gaolmhara. Comhdhéanann príomh-phearsanra Bainistíochta na Gníomhaireachta Tithíochta an CEO agus baill an Bhoird. I gcomhair breacadh síos den íocaíocht agus sochair íochta le príomh-phearsanra bainistíochta, féach Nóta 6.

Glacann an Gníomhaireacht Tithíochta nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte eisithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn suimneanna pearsanta Bhaill an Bhoird.

18 Eachtraí i ndiaidh an Dáta Tuairiscithe

Níl aon eachtraí idir an dáta tuairiscithe agus an dáta faofa do na ráitis airgeadais sin le haghaidh eisiúna a dteastaíonn coigeartú uaidh leis na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Bord gur eachtra suntasach í paindéim Covid-19 a tharla ón dáta tuairiscithe. Tá an Bord ag glacadh na heachtra sin go dáiríre agus ag tabhairt monatóireachta ar chúrsaí, i dteannta le bainistíocht, ar bhonn leanúnach. Leanann an gnó ag oibriú le bearta i bhfeidhm chun foireann agus cliaint na Gníomhaireachta a chosaint. Tá an fhoireann ag obair go cianda agus leanann seirbhísí á soláthair. Go dtí anois, táthar ag coinneáil le oibriúcháin agus an chuid is mó de ghníomhaíochtaí an eintitis, ag dul in oiriúint freisin don bhealach a dhéantar gnó a sheachadadh. Cé nach féidir leis an nGníomhaireacht meastachán iontaofa a thabhairt ar thionchar Covid-19 ar a sreabhaidh airgid, táthar ag déanamh monatóireachta ar fheidhmíocht agus oibriúcháin na Gníomhaireachta go dlúth agus tugtar meastacháin ar shreabhadh airgid go rialta chuig an mBord agus chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Gnóthas leantach - glacann an Bord leis, mar eintiteas a sholáthraíonn seirbhís phoiblí maoinithe ag airgid soláthraithe ag an Státhiste, tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, gur cuí na ráitis airgeadais sin a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

19 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais sin le eisiúint ar an 24 Nollag 2020.





**An Ghníomhaireacht
Tithíochta**
The Housing Agency

**An Ghníomhaireacht
Tithíochta** 53 Sráid an
Mhóta Uachtarach, Baile
Átha Cliath, D02 KT73

 (01) 656 4100

 info@housingagency.ie

 housingagency.ie